# Tuarascáil Bhliantúil

2025

AN INSTITIÚID UM THAIGHDE EACNAMAÍOCHTA AGUS SÓISIALTA

ESRI ECONOMIC & SOCIAL RESEARCH INSTITUTE

Beartas eolasach d'Éirinn níos fearr

## EOLAS FAOIN ESRI

Déanann an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (an ESRI) ceapadh beartais fianaisebhunaithe a thacaíonn le hinbhuanaitheacht eacnamaíoch agus le dul chun cinn sóisialta in Éirinn a thabhairt chun cinn. Cuireann taighdeoirí na hInstitiúide Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (an ESRI) na caighdeáin is airde de shármhaitheas acadúil i bhfeidhm maidir leis na dúshláin atá roimh an lucht déanta beartas, ag díriú ar dheich limistéar a bhfuil ríthábhacht leo d'Éirinn san 21ú hAois.

Bhunaigh grúpa státseirbhíseach sinsearach an Institiúid in 1960 faoi stiúir an Dr T.K. Whitaker, a d'aithin an gá atá le hanailís neamhspleách agus dhomhain taighde. Ó shin i leith, tá an Institiúid tiomanta do thaighde neamhspleách agus ní léirítear aon idé-eolaíocht ná seasamh polaitiúil ina cuid oibre. Foilsíonn an Institiúid an taighde go léir a bhaineann an caighdeán acadúil cuí amach, beag beann ar thorthaí an taighde ná ar cé a mhaoiníonn é.

Is cuideachta faoi theorainn ráthaíochta é an ESRI, atá freagrach dá chomhaltaí agus atá faoi rialú Comhairle, ina bhfuil a mhéid le 14 ionadaí as measc chomhaltaí an ESRI ón saol acadúil, ó sheirbhísí sibhialta, ó ghníomhaireachtaí stáit, ó ghnólachtaí agus ón tsochaí shibhialta. Cuirtear maoiniú ar fáil don ESRI ó chláir thaighde a fhaigheann tacaíocht ó ranna agus gníomhaireachtaí rialtais, comhlachtaí poiblí, cláir thaighde iomaíocha, táillí ballraíochta, agus deontas i gcabhair bliantúil ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe.

Tá eolas breise ar fáil ag www.esri.ie.

Tá ról agus freagrachtaí na Comhairle leagtha amach in Airteagail Chomhlachais an ESRI. Ní dhéanann ach an Chomhairle cinneadh faoi na príomhábhair seo a leanas: formheas chuspóirí fadtéarmacha agus straitéis oibríochtúil na heagraíochta; formheas fálacha agus infheistíochtaí suntasacha; formheas conarthaí móra; formheas buiséid bhliantúla oibriúcháin agus chaiteachais caipitil; formheas na Tuarascála Bliantúla agus na ráiteas airgeadais; ceapadh agus luach saothair an Stiúrthóra. Tagann an Chomhairle le chéile gach ráithe agus faigheann sí tacaíocht ó thrí fhochoiste: Iniúchóireacht agus Riosca, Gnó agus Oibríochtaí (Maoirseacht Straitéise anois), agus Rialachas agus Ainmniúcháin. Tá beathaisnéis ghearr ar Chomhaltaí na Comhairle i gCuid 6.

## *An Chomhairle*

**COMHALTAÍ AMHAIL AN 31 NOLLAIG 2025**



***An tUasal S. O'Driscoll,***
***Uachtarán agus Cathaoirleach***



***An tOllamh M. Lawless,***
***Stiúrthóir***

**Tháinig deireadh le téarma Alan Barrett mar Stiúrthóir ar an ESRI an 31 Bealtaine 2025. Ceapadh Martina Lawless ina Stiúrthóir ar an ESRI an 1 Meitheamh 2025.*

AN tUASAL SEÁN O'DRISCOLL, Uachtarán agus Cathaoirleach

AN tOLLAMH MARTINA LAWLESS*, Stiúrthóir, an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta

AN tUASAL SHAY CODY, Iar-Ard-Rúnaí, Fórsa

AN tOLLAMH KATY HAYWARD, Ollscoil na Banríona, Béal Feirste

AN tOLLAMH THIA HENNESSY, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh

AN tOLLAMH BRIGID LAFFAN, Ollamh Emeritus, an Institiúid Ollscoile Eorpach

AN tUASAL GABRIEL MAKHLOUF, Gobharnóir, Banc Ceannais na hÉireann

AN tOLLAMH SANDRA McNALLY, Ollscoil Surrey, an Ríocht Aontaithe

AN tUASAL DAVID MOLONEY, Ard-Rúnaí, an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin

AN tOLLAMH CIARÁN Ó hÓGARTAIGH, Comhalta den Chomhairle Stáit

ANNE O'LEARY, UAS., Ceannasaí Meta Ireland agus Leas-Uachtarán, an Grúpa Gnó Dhomhanda, Réigiún na hEorpa, an Mheánoirthir, agus na hAfraice

ANNE VAUGHAN, UAS., Stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin ar roinnt comhlachtaí carthanachta.

# CLÁR NA nÁBHAR


An Chomhairle ..... 2

1. RÉAMHRÁ ..... 5
   1.1 Neamhspleáchas agus Maoiniú ..... 5
   1.2 Aschuir Taighde in 2025 ..... 6
   1.3 Rialachas Corparáideach agus Inbhuanaitheacht ..... 7

Éifeachtúlacht fuinnimh agus feidhmíocht astaíochtaí gás ceaptha teasa: ..... 9
   1.4 Daoine ..... 12

2. ACHOIMRE AR ÉACHTAÍ STRAITÉISEACHA IN 2025 ..... 11
   2.1 Sármhaitheas Taighde ..... 11
   2.2 Clár Oibre Taighde Cuimsitheach ..... 11
   2.3 Cumarsáid Éifeachtach ..... 12
   2.4 Rannpháirtíocht a Imríonn Tionchar agus atá Eiticiúil ..... 12
   2.5 Cuspóirí Eagraíochtúla ..... 12

3. TAIGHDE IN 2025 ..... 13
   3.1 Eolaíocht Iompraíochta ..... 13
   3.2 An Aeráid ..... 14
   3.3 Iomaíochas, Trádáil agus Infheistíocht Dhíreach Choigríche ..... 17
   3.4 Oideachas ..... 19
   3.5 Fuinneamh agus an Comhshaol ..... 21
   3.6 Sláinte agus Caighdeán na Beatha ..... 23
   3.7 Tithíocht ..... 24
   3.8 An Margadh Saothair agus Scileanna ..... 27
   3.9 Maicreacnamaíocht ..... 29
   3.10 Imirce, Lánpháirtíocht agus Déimeagrafaíocht ..... 31
   3.11 Ionchuimsiú Sóisialta agus Comhionannas ..... 34
   3.12 Cáin, Leas agus Pinsin ..... 36

4. COMHORDAITHEOIRÍ AR RÉIMSÍ TAIGHDE AMHAIL AN 31 NOLLAIG 2025 ..... 38

5. BAILL FOIRNE AN 31 NOLLAIG 2025 ..... 39

6. COMHAIRLE AN ESRI – EOLAS BEATHAISÍNEACH ..... 41

7. PÁTRÚIN WHITAKER AGUS COMHALTAÍ CORPARÁIDEACHA ..... 45

# 1. RÉAMHRÁ

Le Straitéis na hInstitiúide, 2024–2028 treoraítear an Institiúid chun taighde dian neamhspleách a sholáthar chun bonn eolais a chur faoi fhorbairt beartais, agus inbhuanaitheacht airgeadais fhadtéarmach na hInstitiúide a chinntiú ag an am céanna. Tacaíonn Comhairle na hInstitiúide leis an misean seo trí threo straitéiseach na hInstitiúide a leagan síos agus a mhaoirsiú, ag cinntiú na gcaighdeán cáilíochta is airde agus clár oibre taighde a thugann aghaidh ar phríomhdhúshláin eacnamaíocha agus shóisialta na hÉireann. Ós rud é go bhfeidhmíonn an Institiúid le neamhspleáchas acadúil iomlán, ní imríonn an Chomhairle tionchar ar ábhar na n-aschur taighde ná ní dhéanann sí é a stiúradh. Coinníonn an Institiúid rialachas agus cuntasacht láidir trí chloí leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016).

Tugann na rannóga seo a leanas breac-chuntas ar mheasúnú na Comhairle ar éifeachtúlacht na hInstitiúide maidir lena misean a bhaint amach, chomh maith le forbhreathnú na Comhairle ar shocruithe comhshaoil, sóisialta agus rialachais (ESG) na hInstitiúide.

## 1.1 NEAMHSPLEÁCHAS AGUS MAOINIÚ

Tá sé mar bheartas ag an Institiúid go bhfoilseofar gach taighde a shroicheann an caighdeán acadúil riachtanach, beag beann ar a thorthaí nó ar fhoinse an mhaoinithe. Déantar an tiomantas seo don neamhspleáchas agus don oibiachtúlacht a chosaint trí bheartais na hInstitiúide a chur i bhfeidhm agus trí shocruithe foirmiúla conarthacha le maoinitheoirí. Cuirtear próisis athbhreithnithe piaraí láidre chun feidhme, rud a chinntíonn go gcomhlíonann aschuir taighde na caighdeáin acadúla is airde. Ina theannta sin, tugann an Institiúid faoi phróiseas neamhspleách measúnaithe piaraí gach cúig bliana, chun a chinntiú go gcloítear leis na prionsabail sin. Déanfar an chéad athbhreithniú piaraí neamhspleách eile den sórt sin in 2027. Tá an tuarascáil ó phróiseas athbhreithnithe 2022 ar fáil ar ár suíomh gréasáin (www.esri.ie).

Tá áthas ar an gComhairle a thuairisciú go bhfuil fás tagtha ar mhaoiniú na hInstitiúide bliain ar bhliain, ó c. €12.367 milliún in 2024 go €13.316 milliún in 2025 (c. 8%). Tá méadú tagtha ar an deontas i gcabhair bliantúil ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin, le blianta anuas agus b'ionann é agus thart ar 30% den ioncam iomlán in 2025. Ina theannta sin, leathnaíodh na cláir taighde ilbhliantúla le ranna rialtais agus le gníomhaireachtaí stáit in 2025, le cláir taighde nua agus athnuaite. Aithníonn an Chomhairle an tacaíocht a chuireann an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin, agus ranna agus gníomhaireachtaí rialtais eile ar fáil agus is mór ag an

gComhairle an tacaíocht sin. Cuireann Pátrúin Whitaker agus comhaltaí corparáideacha na hInstitiúide sruth maoinithe luachmhar eile ar fáil. Aithníonn an Chomhairle tiomantas leanúnach na bPátrún agus na gComhaltaí seo chun tacú le taighde neamhspleách, dírithe ar bheartas na hInstitiúide.

### 1.2 ASCHUIR TAIGHDE IN 2025

Thug Éire aghaidh ar roinnt dúshlán suntasach in 2025, a bhí múnlaithe ag timpeallacht gheopholaitiúil nach féidir a thuar, tionchair coimhlintí idirnáisiúnta, agus brúnna costais mhaireachtála atá ag dul i méid. Le hardú na ngluaiseachtaí pobalacha agus leathadh na bréagaisnéise, leagadh béim ar an tábhacht a bhaineann le hanailís neamhspleách, bunaithe ar fhianaise, chun bonn eolais a chur faoi dhíospóireacht phoiblí agus faoi cheapadh beartas.

Chuir an ESRI taighde fianaisebhunaithe ar fáil le haghaidh beartais ar fud réimse leathan saincheisteanna, ag foilsiú 62 alt in irisí piarmheasúnaithe, 50 tuarascáil, agus seacht gcaibidil i leabhair agus i dtuarascálacha. Ina theannta sin, d'fhoilsigh an Institiúid 19 n-alt de chuid Fheasachán Taighde an ESRI agus scaip sí obair thaighde ar siúl trí 18 bPáipéar Oibre de chuid an ESRI.

D'fhoilsigh an ESRI Ionchas Eacnamaíoch níos fadtéarmaí in 2025, foilseachán a scrúdaigh treochtaí i ngeilleagar na hÉireann agus a réamh-mheastar feidhmíocht chun cinn thar thréimhse deich mbliana. Chuir sé sin réamh-mheastacháin mhaicreacnamaíocha ar fáil faoi thimpeallacht sheachtrach chobhsaí agus freisin faoi raon cásanna lena n-áirítear moilliú trádála domhanda, laghduithe ar insreafaí d’infheistíocht dhíreach eachtrach agus caolú ar an mbearna tháirgiúlachta idir gnólachtaí intíre agus ilnáisiúnta. Chuir beartas trádála athraithe na Stát Aontaithe le cásanna éagsúla an Ionchais Eacnamaíoch agus roinnt aschur taighde eile.

In 2025, leag taighde an ESRI béim ar an gcaoi a raibh brúnna i gcúrsaí tithíochta, an costas maireachtála agus an t-aistriú ísealcharbóin ag múnlú caighdeán maireachtála. Fuarthas amach i dtaighde ar thithíocht go bhfuil boilsciú cíosa á spreagadh go díréireach ag athrú tionóntaí, agus d'aithin obair ar rialuithe cíosa iarmhairtí ó thaobh an tsoláthair de atá comhsheasmhach le bealaí amach tiarnaí talún; léirigh anailís bhreise ligean gearrthéarmacha agus riachtanais infheistíochta shubstaintiúla mheasta chun stoc cíosa a uasghrádú ar mhaithe le héifeachtúlacht fuinnimh.

Bhí roinnt píosaí a bhain le cúrsaí sláinte dírithe ar na brúnna atá ag teacht chun cinn ó dhaonra atá ag fás agus ag dul in aois. Foilsíodh réamh-mheastacháin ar an éileamh ar ospidéil ghéarmhíochaine, seirbhísí Dochtúirí Ginearálta agus seirbhísí cúraim do dhaoine scothaosta ag leibhéal náisiúnta agus dí-imdhealaithe chomh maith go

leibhéal réigiúin sláinte. Tá tuilleadh oibre le teacht in 2026 ar impleachtaí foirne na n-éileamh méadaithe seo ar sheirbhísí.

Léiríodh taighde ar chaighdeáin mhaireachtála agus ar chuimsiú sóisialta neamhionannais leanúnacha, lena n-áirítear leochaileacht eacnamaíoch mhéadaithe i measc teaghlach aontuismitheora agus fianaise go bhfuil baint ag drochthithíocht le folláine teaghlaigh níos measa. Díríodh go príomha ar imscrúduithe ar bhochtaineacht leanaí, ar mhonatóireacht a dhéanamh ar mhéid na bochtaineachta agus ar na tionchair ar feadh an tsaoil a bhaineann le fás aníos i ndíothacht. Foilsíodh staidéir a ionsamhlaíonn idirghabhálacha malartacha beartais chun measúnú a dhéanamh ar an gcaoi arbh fhéidir an tionchar is mó agus is éifeachtaí a imirt ar leibhéil bhochtaineachta leanaí chomh maith.

Fuarthas amach i dtaighde ar imirce agus ar imeascadh go bhfuil ag éirí go maith le himircigh i gcónaí ar tháscairí amhail fostaíocht agus gnóthachtáil oideachais, ach go bhfuil rioscaí níos airde ann dóibh maidir le bochtaineacht agus tithíocht neamh-inacmhainne, agus go raibh dearcadh níos diúltaí i leith na hinimirce i bpobail faoi mhíbhuntáiste.

Chuir taighde aeráide creat samhaltaithe I3E chun cinn agus léirigh sé go laghdaíonn príomhbheartais dícharbónaithe astaíochtaí agus truailleáin aeir, ach fiú dá gcuirfí deireadh de réir a chéile le feithiclí inneall dócháin inmheánaigh faoi 2035, nach mbainfí spriocanna astaíochtaí na hearnála iompair amach.

Ag cur lenár gcuid oibre ar Thuaisceart Éireann agus ar an ngeilleagar uile-oileáin, leanadh den obair ar Chlár na nOileán Comhroinnte le forbhreathnú eacnamaíoch nua uile-oileáin a fhoilsiú i mí na Nollag.

Tá achoimrí ar aschuir an taighde in 2025 ar fáil i mír 3 den doiciméad seo, ar ár suíomh gréasáin (www.esri.ie) agus inár nAthbhreithniú bliantúil ar Thaighde, a fhoilseofar in R2 2025.

## 1.3 RIALACHAS CORPARÁIDEACH AGUS INBHUANAITHEACHT

Cuimsíonn an Institiúid prionsabail chomhshaoil, shóisialta agus rialachais (ESG) ina cleachtais ghnó chun a feidhmíocht chomhshaoil a neartú, caighdeáin eiticiúla a chosaint i gcinnteoireacht, a seasamh i measc páirtithe leasmhara agus an phobail i gcoitinne a fheabhsú, agus éifeachtúlachtaí oibríochtúla a bharrfheabhsú.

### Comhaltacht na Comhairle

Is í Comhairle an ESRI comhlacht rialaithe reachtúil na hInstitiúide, ina bhfuil suas le 14 comhaltaí, an Stiúrthóir (Martina Lawless) agus an Cathaoirleach (Sean O'Driscoll) san

áireamh. Toghtar comhaltaí Chomhairle an ESRI ag Cruinniú Cinn Bliana na hInstitiúide ar feadh téarma trí bliana, agus is féidir síneadh trí bliana eile a chur leis. Déanann comhaltaí na Comhairle ionadaíocht ar shampla ionadaíoch de chomhaltaí an ESRI ón saol acadúil, ó státseirbhísí, ó ghníomhaireachtaí stáit, ón earnáil ghnó agus ón tsochaí shibhialta.

D'fhóin Thia Hennessy, Brigid Laffan, Sandra McNally agus Ciarán Ó hÓgartaigh i rith 2025 ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca (fochoiste den Chomhairle). Chaith Anne O'Leary, Katy Hayward, David Moloney, Shay Cody agus Stiúrthóir an ESRI (Alan Barrett/Martina Lawless) tréimhse ar an gCoiste Gnó agus Oibríochtaí (fochoiste na Comhairle). In 2025, athainmníodh an Coiste Gnó agus Oibríochtaí mar an Coiste Formhaoirseachta Straitéise, chun léiriú níos fearr a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí an Choiste.

Tháinig deireadh le téarma Alan Barrett mar Stiúrthóir ar an 31 Bealtaine 2025. Ceapadh Martina Lawless mar Stiúrthóir an ESRI i mí Aibreáin 2025, tar éis cuardach fairsing agus dianphróiseas roghnúcháin, le tacaíocht ó Chuardach Feidhmiúcháin PwC. Ghlac an tOllamh Lawless leis an bpost go foirmiúil ar an 1 Meitheamh 2025. Rinne an Coiste Rialachais agus Ainmniúcháin formhaoirseacht ar an bpróiseas earcaíochta, agus Sean O'Driscoll (Cathaoirleach), Ciarán Ó hÓgartaigh, David Moloney, Thia Hennessy agus Brigid Laffan ina gcomhaltaí den choiste sin.

### An bhearna phá idir na hinscní

Faoin Acht um Bearna Phá idir na hInscní 2021, ceanglaítear ar eagraíochtaí Tuarascáil faoi Phá idir na hInscní a fhoilsiú. D'fhoilsigh an ESRI a chuid torthaí ar líne ar shuíomh gréasáin an ESRI.[1] Léiríonn an tuarascáil go bhfuil an mheánbhearna phá i bhfabhar na mban faoi 2%, agus go seasann an bhearna phá airmheánach ag 20.1% i bhfabhar na mban. Léiríonn an bhearna ní hamháin an cion níos airde de mhná atá i róil shinsearacha ach go bhfuil scálaí pá níos leithne ann ag leibhéil shinsearacha, chomh maith.

### An tAcht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014

Tá an Institiúid tiomanta i dtaobh beartais agus gníomhartha a chur chun feidhme atá ag teacht leis na dualgais atá á leagan ar chomhlachtaí poiblí faoin Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014. Aithníodh obair na hInstitiúide sa réimse seo, mar a leagtar amach sa Phlean Gníomhaíochta um

[1] https://www.esri.ie/pubs/Gender%20Pay%20Gap%20Report%202025.pdf

Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú, 2023 – 2027, leathanach 4[2] a bronnadh an gradam Cré-umha Athena SWAN uirthi i mí na Samhna 2023. Is scéim creidiúnaithe um chairt cháilíochta is ea seo a bhfuil creat mar bhonn agus mar thaca aici, creat d'institiúidí ardoideachais agus taighde chun obair inbhuanaithe ag a bhfuil tionchar maidir le comhionannas inscne a chur i bhfeidhm agus chun cur leis an gcumas d'obair fhianaisebhunaithe maidir le hinscne ar feadh na bhforas comhionannais atá cumhdaithe i reachtaíocht na hÉireann. Déanann an Coiste um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú a thagann le chéile ar bhonn ráithe, formhaoirseacht ar chur i bhfeidhm an phlean gníomhaíochta. Cuirtear tuarascáil bhliantúil ar dhul chun cinn ar fáil do Chomhairle an ESRI. Go dtí seo, tá aghaidh tugtha ar chúig cinn de na seacht gceist tosaíochta a sainaithníodh.

In 2025, leathnaíodh sainchúram an Choiste um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú chun measúnú breise a dhéanamh ar Dhualgas na hEarnála Poiblí maidir le húsáideoirí seirbhíse an ESRI a chur san áireamh, agus tá an obair seo ar siúl anois.

### Inbhuanaitheacht comhshaoil

Aithníonn an ESRI a hoibleagáidí cur le spriocanna aeráide na hÉireann faoin Acht um Ghníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021 agus tá sí tiomanta do ghníomhú chun a tionchar ar an gcomhshaol a laghdú. Cuireann taighde an ESRI ar shaincheisteanna amhail an aeráid agus fuinneamh go mór leis na réimsí seo.

**Éifeachtúlacht fuinnimh agus feidhmíocht astaíochtaí gás ceaptha teasa:**

De réir riachtanais na hearnála poiblí, oibríonn an ESRI i dtreo na spriocanna seo a leanas a bhaint amach: astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú 51% faoi 2030; éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú aníos ó sprioc 33% do 2020 go 50% faoi 2030; ár dTreochlár don Ghníomhú ar son na hAeráide a nuashonrú go bliantúil, laistigh de shé mhí tar éis gur foilsíodh an Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide.

Comhlíonann an ESRI riachtanais chomhlachtaí na hearnála poiblí trí thuairisciú go bliantúil ar a éifeachtúlacht fuinnimh agus ar a fheidhmíocht maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa chuig Údarás Inbhuanaithe Fuinnimh na hÉireann (ÚIFÉ). Seo a leanas feidhmíocht an ESRI in 2025:

- Astaíochtaí gás ceaptha teasa: $CO_2$ Iontaise – 54.2% faoi bhun na bonnlíne. Má choinnítear $CO_2$ iontaise ag an leibhéal seo go ceann cúig bliana eile, bainfear

[2] https://www.esri.ie/publications/esri-diversity-and-inclusion-action-plan-2023-2027

amach sprioc 2030 (42,985 kg$CO_2$). Bhí an $CO_2$ iomlán 65.5% faoi bhun na bonnlíne. Chun an sprioc a bhaint amach, ní mór an $CO_2$ iomlán a laghdú faoi 12.9% ó leibhéal 2025 laistigh de chúig bliana.

- Bhí feabhsú 43.6% bainte amach faoi 2025 ó thaobh feidhmíocht fuinnimh de ó tugadh isteach an bhonnlíne. Chun an sprioc éifeachtúlachta a bhaint amach, ní mór feidhmíocht fuinnimh a fheabhsú 6.4% eile laistigh de chúig bliana.

In 2025, d'fhoilsigh an ESRI a Threochlár don Ghníomhú ar son na hAeráide nuashonraithe, laistigh den tréimhse ama a éilítear sa Sainordú. Leagtar amach sa Treochlár ár bpleananna chun ár spriocanna maidir le dícharbónú agus éifeachtúlacht fuinnimh a bhaint amach, mar aon leis na gníomhartha agus na tionscadail atá déanta againn. Anuas air sin, thuairiscigh an ESRI ar an Sainordú um Ghníomhú ar son na hAeráide agus úsáid á baint as córas 'comhlíon agus mínigh' don Earnáil Phoiblí de chuid an SEAI. Leanfaidh an ESRI de thuairisciú a dhéanamh trí chóras an SEAI gach bliain.

Aithníonn an Chomhairle an fhreagracht atá uirthi cleachtais inbhuanaithe a fheabhsú go leanúnach ar fud na hInstitiúide. I bhfianaise aois agus phróifíl ghléasra agus threalamh an fhoirgnimh agus áitíocht laghdaithe mar thoradh ar obair hibrideach, d'aontaigh an Chomhairle tús a chur go foirmiúil leis an bpróiseas chun fáil réidh le foirgneamh na hInstitiúide i mí Feabhra 2026. Tá an ESRI tiomanta do chritéir inbhuanaitheachta a ionchorprú ina phleananna agus ina ghníomhartha tógála agus cóiríochta amach anseo.

Cuireann an ESRI tionscadail áitiúla eile i bhfeidhm chun gníomhartha coigilte fuinnimh a chur chun cinn, mar a leagtar amach inár dTreochlár don Ghníomhú ar son na hAeráide. Tugtar achoimre ar na gníomhartha seo thíos.

Leanann an Institiúid treoirlínte um Sholáthar Poiblí Glas na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) agus na hOifige um Sholáthar Rialtais (OSR), ag baint úsáide as creataí ábhartha le haghaidh ceannach inbhuanaithe. In 2025, cuireadh critéir chomhshaoil san áireamh i bpróisis soláthair nuair is infheidhme; ceannaíodh crua-earraí TF trí Chreataí HEAnet, bainistíocht fóntais agus saoráidí trí chomhaontuithe OSR, agus foilsíodh an beartas soláthair nuashonraithe. Comhlíonann an Institiúid IR646/2016 trí tháirgí atá tíosach ar fhuinneamh agus atá liostaithe ar an gClár EEE a fháil, seachas nuair a bhíonn páirteanna meicniúla nó leictreacha á n-athsholáthar, mar gheall ar shaincheisteanna comhoiriúnachta.

Laghdaítear ár dtionchar ar an gcomhshaol trí thionscnaimh laghdaithe, leithscartha agus athchúrsála dramhaíola. Déantar dramhbhia a rianú trí leas a bhaint as treoirlínte na hearnála poiblí. Déantar dramhthrealamh leictreach agus leictreonach (WEEE) a

athchúrsáil; is é is cúis le hardú suntasach in 2025 ná fáil réidh le trealamh atá as dáta. Leanann an ESRI straitéis “tús áite don digitiú” - is tuarascálacha digiteacha iad na tuarascálacha is mó – agus úsáideann páipéar priontála athchúrsáilte chun dramhpháipéar a íoslaghdú. Cuirfidh an Institiúid cleachtais níos inbhuanaithe leis i bpleananna tógála amach anseo.

Ní cheannaíonn an ESRI earraí neamh-athchúrsáilte aonúsáide. Sheol an Fhoireann Ghlas tionscnamh nua de chuid na Scéime Éarlaise agus Aisíoca a laghdaíonn dramhaíl trí bhoscaí bruscair ainmnithe agus a thacaíonn le carthanachtaí éagsúla do leanaí ag an am céanna.

Tacaíonn an ESRI le taisteal inbhuanaithe trína bheartais. Ní mór don fhoireann leas a bhaint as iompar poiblí nuair is féidir, agus soláthraíonn an ESRI scéimeanna um Rothaíocht chun na hOibre agus scéimeanna Coigilteora Cánach mar aon le páirceáil shlán do rothair. Mar Chomhpháirtí Taistil Níos Cliste ó R1 2025, tá an ESRI tiomanta do thionscnaimh taistil ghníomhacha a chur chun cinn agus tá sé mar aidhm aige deimhniúchán Marc Taistil Níos Cliste a bhaint amach. Comhlíonann an ESRI an ceanglas chun taisteal gnó foirne chuig an ÚFIÉ a thuairisciú go bliantúil. Tá an ESRI ag leanúint ar aghaidh ag déanamh scrúdú ar a chomhlíonadh agus ar a ailíniú leis an treoir laistigh de Chiorclán 1/2020 agus tuairisceoidh sé a dhul chun cinn i dtuarascáil bhliantúil 2026.

Ag féachaint chun cinn, geallann an ESRI cloí le riachtanais an tSainordaithe um Ghníomhú ar son na hAeráide trí thús áite a thabhairt do spriocanna comhshaoil, sóisialta agus rialachais, trí dhíriú ar úsáid fuinnimh, ar dhramhaíl agus ar thionchair eile a laghdú agus rialachas eiticiúil, éifeachtach á chothabháil ag an am céanna.

### An tAcht um Nochtadh Cosanta

Ní dhearnadh aon nochtuithe cosanta don ESRI, ná do chomhlachtaí ábhartha eile i ndáil leis an ESRI, in 2025. Tá an ESRI tiomanta do na caighdeáin is airde trédhearcachta, ionracais agus chuntasachta a bhaint amach. Tacaímid le forálacha an Achta um Nochtadh Cosanta agus comhlíonaimid iad. Chun comhlíonadh an Achta a chinntiú, tá beartas agus nósanna imeachta curtha i bhfeidhm againn a leagann amach an próiseas chun nochtuithe cosanta a dhéanamh, trí bhealaí inmheánacha nó trí bhealaí seachtracha ainmnithe, mar atá forordaithe sa reachtaíocht. Tá cóip de Thuarascáil Bhliantúil ar Nochtuithe Cosanta an ESRI ar fáil anseo: https://www.esri.ie/system/files/publications/PD2025.pdf.

### Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003

Comhlíonann an Institiúid Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 nuair is féidir. Áirítear leis an gcomhlíonadh sin 5% den chaiteachas fógraíochta a leithdháileadh ar na meáin chumarsáide Gaeilge, 20% d'ábhar fógraíochta i nGaeilge agus tuarascálacha corparáideacha tábhachtacha a bheith ar fáil i mBéarla agus i nGaeilge araon. Is é Ceann Rialachais agus Acmhainní Corparáideacha na hInstitiúide an tOifigeach Gaeilge.

## 1.4 DAOINE

Aithníonn an Chomhairle gairmiúlacht, saineolas agus tiomantas fhoireann na hInstitiúide, a bhfuil a gcuid oibre mar bhonn agus mar thaca ag cáil an ESRI as taighde neamhspleách atá ar ardchaighdeán a dhéanamh. Aithnítear go leor taighdeoirí ar fud na hInstitiúide go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta as a gcuid saineolais agus a gcion léannta. Faigheann a gcuid oibre tacaíocht ó fhoireann Acmhainní Corparáideacha ardoilte.

Ba chúis mhór bróin dúinn bás beirt iar-chomhghleacaithe in 2025: an tOllamh Dermot McAleese agus an tOllamh John Bradley. Bhí Dermot McAleese ina bhall foirne agus ina chomhalta de Chomhairle an ESRI ina dhiaidh sin. Chaith sé tréimhse ina Chathaoirleach ar an gComhairle ó 1988–1991. Chreid Dermot go daingean sa tábhacht a bhaineann le cinnteoireacht fhianaisebhunaithe sa bheartas poiblí, rud a bhí mar bhunchloch faoina thaighde féin agus prionsabal a chur sé chun cinn ina threoir don Institiúid. Ba cheannródaíoch an obair a rinne John Bradley maidir le múnlaí eacnamaíocha a cheapadh chun diananailís a dhéanamh ar thionchar idirghabhálacha beartais agus bhí an obair sin mar bhunús ag an-chuid oibre a rinneadh ina dhiaidh sin laistigh den Institiúid.

Mar fhocal scoir, is mian leis an gComhairle buíochas a ghabháil do ranna rialtais agus do ghníomhaireachtaí stáit, do Phátrúin Whitaker agus do chomhaltaí corparáideacha agus comhaltaí aonair as a dtacaíocht leanúnach. Tá rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara ar fud na n-earnálacha poiblí, na n-earnálacha príobháideacha agus- na n-earnálacha neamhbhrabúis fós riachtanach chun clár oibre taighde a chothú a thugann aghaidh ar dhúshláin eacnamaíocha agus shóisialta na hÉireann atá ag teacht chun cinn. Tacaíonn sé seo leis an Institiúid a fís a bhaint amach maidir le bheith ina hinstitiúid taighde den chéad-scoth a chuireann Éire níos cuimsithí, níos rathúla, níos inbhuanaithe agus níos dícharbónaithe chun cinn.

| | |
|---|---|
| Sean O'Driscoll | Martina Lawless |
| Uachtarán agus Cathaoirleach | Stiúrthóir |

## 2. ACHOIMRE AR ÉACHTAÍ STRAITÉISEACHA IN 2025

Ba í 2025 an dara bliain de chur chun feidhme Straitéis Taighde na hInstitiúide, 2024–2028. Rinne an Chomhairle formhaoirseacht ar an dul chun cinn a rinneadh ar chur chun feidhme na ngníomhaíochtaí atá leagtha amach faoi na spriocanna uileghabhálacha, trí thuarascálacha ráithiúla, leathbhliantúla agus bliantúla a chur faoi bhráid fhochoistí na Comhairle.

Leagann na rannóga seo a leanas béim ar an dul chun cinn a rinneadh i rith na bliana, arna eagrú ag na spriocanna uileghabhálacha um Shármhaitheas Taighde, Clár Oibre Cuimsitheach um Thaighde, Cumarsáid Éifeachtach, Rannpháirtíocht Ardtionchair Eiticiúil, agus gníomhartha faoi Chuspóirí Eagraíochtúla. Ní liosta uileghabhálach é ach tá sé i gceist tuiscint a thabhairt ar mhór-réimsí na ngníomhaíochtaí.

### 2.1 SÁRMHAITHEAS TAIGHDE

Buntomhas ar bharr feabhais taighde is ea an cumas páipéir a fhoilsiú in irisí piarmheasúnaithe, áit a bhfuil an próiseas athbhreithnithe neamhspleách ar an Institiúid. In 2025, foilsíodh 62 páipéar ó thaighdeoirí an ESRI in irisí dá leithéid sin.

Téann gach foilseachán de chuid an ESRI faoi phróisis láidre athbhreithnithe piaraí i gcomhréir leis an mBeartas maidir le Foilseacháin agus Scaipeadh atá ceadaithe ag an gComhairle.

Thug an fhoireann cuir i láthair ag comhdhálacha, seimineáir agus ceardlanna náisiúnta agus idirnáisiúnta, agus reáchtáladh an líon ba mhó díobh sin in 2024 agus 2025 i gcomparáid le blianta roimhe sin.

### 2.2 CLÁR OIBRE TAIGHDE CUIMSITHEACH

Lena chinntiú go léiríonn ár gclár oibre taighde tosaíochtaí náisiúnta, bíonn taighdeoirí i dteagmháil le páirtithe leasmhara trí chomhdhálacha, imeachtaí, seimineáir agus cruinnithe foirmiúla ábhartha.

Tá cláir taighde ilbhliantúla deartha chun díriú ar thosaíochtaí taighde náisiúnta agus chun tacú leo. In 2025, rinneadh roinnt clár taighde tábhachtach a athnuachan, agus comhaontaíodh mórchlár taighde nua leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, rud a scrúdóidh soláthar seirbhísí sláinte ainmhithe agus cúraim tréidliachta in Éirinn. Comhaontaíodh cláir shuntasacha nua taighde i réimse an Oideachais leis an Roinn Oideachais, leis an Roinn Leanaí, Míchumais agus Comhionannais agus leis an Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt.

Chun tionchar ár dtaighde a uasmhéadú, bímid i dteagmháil go forleathan le ranna rialtais trí choistí stiúrtha clár taighde, agus bíonn taighdeoirí de chuid an ESRI le feiceáil go rialta ag Coistí Oireachtais.

## 2.3 CUMARSÁID ÉIFEACHTACH

Agus na meáin shóisialta chun tosaigh mar phríomhfhoinse faisnéise, dhírigh an ESRI ar a chainéil ardfheidhmíochta amhail LinkedIn, agus ar shuíomh gréasáin an ESRI, ag postáil forbhreathnuithe gonta ar thaighde trí fhíseán gearrfhoirme. Dhírigh an fhoireann cumarsáide ar a tairiscint ilmheán a fhorbairt, ag cur taighdeoirí de chuid an ESRI chun tosaigh inár dteachtaireachtaí. Tháinig fás suntasach ar thrácht chuig a chainéil in 2025 mar thoradh ar an straitéis seo. Mar thoradh ar chaidrimh dhearfacha le hiriseoirí, tháinig cóimheas iontach de chlúdach as na preasráitis a eisíodh.

In 2025, bhí iarrachtaí dírithe ar chomhlíonadh leis an Acht Eorpach um Inrochtaineacht. Cuireadh tionscadail inrochtaineachta i gcrích agus cuireadh tús le pleanáil le haghaidh oiliúint foirne in R1 2026.

## 2.4 RANNPHÁIRTÍOCHT A IMRÍONN TIONCHAR AGUS ATÁ EITICIÚIL

Lean taighdeoirí de chuid an ESRI de ról suntasach a bheith acu maidir le bonn eolais a chur faoi dhíospóireacht faoi bheartas náisiúnta in 2025, ag cur fianaise taighde i láthair go díreach do Choistí Oireachtais naoi n-uaire. Trí na teagmhálacha seo, cuireann taighdeoirí anailís neamhspleách ar fáil chun bonn eolais a chur faoi dhíospóireacht pharlaiminteach agus faoi cheapadh beartais atá bunaithe ar fhianaise.

Tá comhdhálacha agus imeachtaí fós ina gcroí-ghné de rannpháirtíocht na hInstitiúide le lucht déanta beartas, le maoinitheoirí, le taighdeoirí, leis na meáin agus leis an tsochaí shibhialta. In 2025, d'óstáil an ESRI 20 comhdháil, seimineár gréasáin agus ceardlann, ag soláthar fóraim chun torthaí taighde a chur i láthair agus a phlé thar raon leathan réimsí beartais.

Neartaigh an ESRI a chreat rialachais taighde tuilleadh in 2025 trí bheith ina chomhalta d'Oifig Sláine Taighde na Ríochta Aontaithe (UKRIO), ag treisiú tiomantas na hInstitiúide do shláine taighde, caighdeáin eiticiúla agus dea-chleachtas idirnáisiúnta.

## 2.5 CUSPÓIRÍ EAGRAÍOCHTÚLA

Le linn 2025, neartaigh an ESRI a rialachas, a chórais agus a acmhainn oibríochtúil. I measc na bpríomhréimsí fócais, bhí inbhuanaitheacht airgeadais a fheabhsú, infheistíocht a dhéanamh i gcumas agus folláine na foirne, córais TF agus córais bainistíochta faisnéise a fheabhsú, agus aghaidh a thabhairt ar dhúshláin bhonneagair agus inbhuanaitheachta. Tacaíonn na gníomhaíochtaí seo le hoibríochtaí éifeachtacha,

éifeachtúla agus eiticiúla, cinntíonn siad go gcomhlíontar riachtanais na hearnála poiblí, agus cuireann siad ar chumas na hInstitiúide freagairt do rioscaí atá ag teacht chun cinn agus do riachtanais eagraíochtúla thar an gcuid eile den tréimhse straitéise.

# 3. TAIGHDE IN 2025

Tugtar forléargas sa chuid seo ar ár ngníomhaíochtaí agus ar ár n-aschuir taighde in 2025 ar fud an 12 réimse taighde. Tá tuilleadh sonraí faoin taighde ar fáil ar shuíomh gréasáin an ESRI (www.esri.ie).

## 3.1 EOLAÍOCHT IOMPRAÍOCHTA

### Buaicphointí agus torthaí taighde

- Staidéar a dhéanann comparáid idir tuairimí feirmeoirí maidir le hathrú aeráide agus tuairimí an phobail tuaithe agus uirbigh.
- Athbhreithniú ar fhianaise a bhaineann le tionchar na teicneolaíochta digití ar dhaoine óga agus ar thuismitheoireacht.
- Tástáil thurgnamhach a léiríonn mar a mhéadaíonn spreagthaí an cearrbhachas.

Úsáidtear trialacha rialaithe saotharlainne, ar líne agus allamuigh san **Aonad um Thaighde Iompraíochta (BRU)** chun cinntí agus cineálacha iompraíochta a iniúchadh i réimsí éagsúla beartais. Tá an chuid is mó den obair a dhéanann an tAonad dírithe ar thorthaí comhshaoil, sláinte agus airgeadais.

Thug obair a choimisiúnaigh **Fondúireacht na hEorpa um an Aeráid**, a foilsíodh i mí Aibreáin, dúshlán don dearcadh go bhfuil difríocht idir cónaitheoirí uirbeacha agus tuaithe, feirmeoirí san áireamh, maidir lena dtuairimí ar athrú aeráide. Tá na grúpaí seo go léir buartha faoin athrú aeráide agus sásta beart a dhéanamh chun cur ina choinne. Cé go bhfuil ardtoilteanas ann beart a ghlacadh, rinne an staidéar bearnaí suntasacha eolais a thaifeadadh, agus léiríodh go bhfuil drochthuiscint ann ar an nasc idir an bia a itear agus athrú aeráide.

I mí an Mheithimh, d'fhoilsigh an tAonad um Thaighde ar Iompar athbhreithniú ar fhianaise idirnáisiúnta ar thuismitheoireacht dhigiteach, athbhreithniú arna maoiniú ag an gcarthanas **Block W**. Cé gur féidir le teicneolaíochtaí digiteacha buntáistí a sholáthar do leanaí, is féidir le roinnt cineálacha meán sóisialta agus cearrbhachais dochar a dhéanamh don fholláine. Tá rioscaí digiteacha roimh thuismitheoirí iad féin, lena n-áirítear ró-úsáid ghléis. Luaitear sa tuarascáil go bhfuil géarghá le fianaise níos fearr ar an nasc idir na meáin shóisialta agus meabhairshláinte agus folláine.

I mí Iúil, d'fhoilsigh an tAonad um Thaighde ar Iompar tástáil thurgnamhach ar spreagthaí, ar nós geallta saor in aisce agus ráthaíochtaí airgead ar ais, sa mhargadh cearrbhachais. Fuarthas amach sa staidéar, arna mhaoiniú ag **Údarás Rialála Cearrbhachais na hÉireann**, go meallann na tairiscintí seo daoine chun geallta níos mó a chur, rud a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm orthu siúd atá i mbaol an chearrbhachais fhadhbaigh go háirithe.

Le linn 2025 chomh maith, d'fhoilsigh an tAonad um Thaighde ar Iompar turgnamh arna mhaoiniú ag an **Údarás Árachais Sláinte** a léiríonn mar a chuidíonn modh comparáide nua ar líne le daoine árachas sláinte níos oiriúnaí a roghnú. I staidéar a rinneadh do **Roinn an Taoisigh** féachadh an athuair ar shonraí a bailíodh thar mhíonna fada le linn phaindéim COVID-19 chun sainaithint a dhéanamh ar thosca a d'imir tionchar ar iompar daoine. Bhí ceachtanna ann maidir le conas freagairt chomhchoiteann náisiúnta a eagrú ar aon éigeandáil amach anseo. Léirigh turgnamh arna mhaoiniú ag an **nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil** go gceannaíonn siopadóirí éadaí níos inbhuanaithe má tá lipéad scálaithe ar na héadaí ar a leagtar amach an tionchar ar an gcomhshaol. Léirigh staidéar mór arna thacú ag **Fondúireacht JP Morgan Chase** mar a bhí ar theaghlaigh ar ioncam íseal athruithe ardriosca a dhéanamh ar a gcuid airgeadais chun déileáil leis an ngéarchéim costais maireachtála, lena n-áirítear titim i riaráistí, fiachais bhreise a ghlacadh, airgead i dtaisce a úsáid. Léirigh turgnamh a rinneadh don **tSeirbhís Náisiúnta Scagthástála** gur tháinig milleán laghdaithe agus muinín mhéadaithe sa scagthástáil as físeán a thaispeáint do dhaoine d'eolaí leighis ag plé na héiginnteachta is gné dhílis den scagthástáil.

Leanadh ar aghaidh le cláir thaighde don **Roinn Sláinte, don Údarás Náisiúnta Iompair, don Oifig Náisiúnta Imdhíonta** agus don **Roinn Iompair**, agus tá na torthaí is déanaí le foilsiú in 2026. Táthar ag súil chomh maith go mbeidh **na chéad torthaí ar thionscadail nua leis an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta**, **Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann agus an Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí** ar fáil in 2026.

### 3.2 AN AERÁID

Soláthraíonn an réimse taighde aeráide fianaise mhaicreacnamaíoch ar thionchair na mbeartas um athrú aeráide ar chomhionannas, ar ghnólachtaí, ar theaghlaigh, ar dhé-ocsaíd charbóin agus ar astaíochtaí truailleán aeir, ar fhuinneamh agus ar rogha modha d'iompar príobháideach.

In 2025, lean an fhoireann aeráide ar aghaidh ag beachtú an leagain nua dá samhail Chomhshaoil, Fuinnimh agus Geilleagair na hÉireann (I3E) lena n-áirítear léiriú mionsonraithe ar fhuinneamh in-athnuaite, hidrigin, talmhaíocht, bia, feithiclí leictreacha, agus glacadh teaschaidéil. D'úsáid an fhoireann an tsamhail seo chun

dearcadh geilleagrach meántéarmach na hÉireann agus na réamh-mheastacháin ar astaíochtaí fuinnimh a cuireadh ar fáil don Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) a mheas.

Tá an obair seo á maoiniú ag cláir thaighde leis an **Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil**, an **Roinn Airgeadais**, an **Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin na Seirbhíse Poiblí agus** Digitiúcháin, an **Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil** (GCC) agus **NexSys**.

### Buaicphointí agus torthaí taighde

- Tá an réamh-mheastachán bonnlíne i dtuarascáil an ESRI ar *ionchas eacnamaíoch meántéarmach na hÉireann: Rioscaí agus deiseanna* le haghaidh meánráta fáis eacnamaíoch bliantúil 2.3% in ollioncam náisiúnta modhnaithe amach go 2030 agus 2.1% ó 2031 go 2035.
- Léirítear sa tsamhail I3E-Iompar má chuirtear deireadh de réir a chéile le feithiclí inneall dócháin inmheánaigh faoi 2035 go ndéanfar laghduithe suntasacha ar astaíochtaí ach nach mbainfidh siad spriocanna earnála amach maidir le hastaíochtaí a laghdú.
- Mar thoradh ar mhéaduithe ar cháin charbóin na hÉireann agus ar phraghas carbóin Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (ETS), laghdaítear astaíochtaí truailleán aeir $CO_2$ agus neamh-$CO_2$ ($NO_x$, $SO_x$, $NH_3$, PM2.5, PM10, agus NMVOC).
- Ní nochtann comparáid idirnáisiúnta ar astaíochtaí bunaithe ar thomhaltas cosúlachtaí córasacha idir sampla roghnaithe de thíortha AE ó thaobh astaíochtaí bunaithe ar thomhaltas de.
- Léiríonn anailís ar oll-astaíochtaí breisluacha agus gás ceaptha teasa d'earnálacha na hÉireann deighilt san earnáil tionsclaíochta idir R2 2024 agus R2 2025.

In ainneoin suaití idirnáisiúnta agus dúshláin shuntasacha intíre le déanaí, is cosúil go bhfuil an t-ionchas don gheilleagar réasúnta fabhrach in éagmais aon turraingí gan choinne. Fuarthas amach sa tuarascáil go raibh drochthionchar ag trí thurraingí seachtracha fhéideartha (is é sin, moilliú ar thrádáil dhomhanda, caillteanas ar iomaíochas na hÉireann go hidirnáisiúnta, agus imeacht corparáidí ilnáisiúnta as Éirinn) ar gheilleagar na hÉireann, ach trí fheabhas a chur ar tháirgiúlacht na ngnólachtaí dúchasacha d'fhéadfaí teacht slán ón ngéarchéim sin. Ba í an **Roinn Caiteachais**

**Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus** Digitiúcháin a mhaoinigh an taighde seo tríd an deontas i gcabhair bliantúil, agus foilsíodh é i mí na Nollag.

Léirigh an taighde go bhfuil, faoi na treochtaí reatha, astaíochtaí iompair na hÉireann fós ardaithe go dtí lár an chéid, agus nach dtiocfaidh ar chánachas carbóin ach laghduithe measartha. Is léir áfach go mbeadh coigilteas astaíochtaí i bhfad níos mó – cé nach leor é fós - i gceist le deireadh cuimsitheach a chur de réir a chéile le feithiclí inneall dócháin inmheánaigh ó 2035. Forbraíonn **an** taighde seo atá maoinithe ag NexSys agus a foilsíodh i mí na Nollag, an tsamhail I3E-Iompar, samhail nua iompair paisinéirí d'Éirinn a chomhtháthaíonn freagairtí iompraíochta, rogha teicneolaíochta feithiclí, agus idirghníomhaíochtaí maicreacnamaíocha trí nascadh a dhéanamh leis an tsamhail I3E. Úsáidtear an tsamhail iompair chun measúnú a dhéanamh ar thionchair na mbeartas dícharbónaithe iompair ar an éileamh ar iompar, ar chomhdhéanamh stoic feithiclí, ar úsáid fuinnimh agus ar astaíochtaí.

Léiríonn meastacháin go bhfuil beartais aeráide (cáin charbóin na hÉireann agus CTA AE) éifeachtach maidir le hastaíochtaí truailleán aeir a laghdú; braitheann a mhéid sin ar an truailleán, ar an mbeartas aeráide agus ar an earnáil, áfach. Is amhlaidh atá toisc go n-astaíonn úsáid breoslaí iontaise $CO_2$ agus truailleáin aeir eile araon; dá bhrí sin, is féidir le beartais a laghdaíonn úsáid breosla iontaise astaíochtaí truailleán aeir a laghdú chomh maith. Foilsíodh an t-alt irise san fhoilseachán *The Economic and Social Review* i mí na Nollag, agus ba í an **Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil a mhaoinigh an** taighde.

Nuair a dhéantar comparáid idirnáisiúnta ar astaíochtaí bunaithe ar thomhaltas, léirítear an éagsúlacht ar fud grúpa tíortha roghnaithe. Agus é maoinithe ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus foilsithe mar pháipéar oibre i mí an Mheithimh, cuirtear in iúl san anailís go bhféadfadh saintréithe tírshonracha a bheith mar bhonn leis an éagsúlacht bhreathnaithe i bhfoinsí astaíochtaí. Léirítear é seo in astaíochtaí a bhaineann le trádáil chomh maith. Tá tuilleadh staidéir á dhéanamh chun scrúdú a dhéanamh ar astaíochtaí bunaithe ar thomhaltas na hÉireann in imeacht ama.

Tá sé tábhachtach monatóireacht a dhéanamh ar úsáid fuinnimh agus ar astaíochtaí gás ceaptha teasa in Éirinn i gcomhar le feidhmíocht eacnamaíoch chun an t-aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin a rianú. Tá monatóireacht ar astaíochtaí agus ar úsáid fuinnimh tugtha isteach ag an bhfoireann aeráide sa *Tráchtaireacht Eacnamaíoch Ráithiúil* (QEC). Léiríonn Tráchtaireacht Eacnamaíoch Ráithiúil Gheimhreadh 2025 oll-bhreisluach, fuinneamh agus astaíochtaí d'earnálacha éagsúla agus soláthraíonn sé fianaise maidir le díchúpláil san earnáil tionsclaíochta, rud a léiríonn gnóthachain éifeachtúlachta. Mar sin féin, tá díchúpláil theoranta tar éis tarlú san earnáil iompair. Ba í an **Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil a mhaoinigh an** obair seo.

### Aschur taighde eile

I mí an Mheithimh, chuir Kelly de Bruin seisiún dúnta faoi bhráid Chomhchoiste an Oireachtais um Aeráid, Comhshaol agus Fuinneamh maidir le tionchair eacnamaíocha agus chomhionannais na mbeartas aeráide chun aistriú ísealcharbóin a chinntiú.

In 2025, chuir na taighdeoirí sa réimse seo tacaíocht anailíseach ar fáil chun nóta teicniúil a dhréachtú don Roinn Airgeadais chun bonn eolais a chur faoina freagairt ar an leibhéal Eorpach ar na héifeachtaí eacnamaíocha a bheadh ag athrú ar an gcáin cheirisín ar eitleáin a raibh níos lú ná líon sonraithe daoine á n-iompar acu. Leanann na taighdeoirí orthu ag plé le lucht déanta beartas agus le páirtithe leasmhara eile trí Ghrúpa Oibre Buiséid Charbóin na Comhairle Comhairlí um Athrú Aeráide agus trí ghrúpa samhaltaithe aeráide Roinn an Taoisigh. Feabhsaíodh bonnlíne mhúnla I3E tríd an gcomhpháirtíocht leis an Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil, leis an Roinn Airgeadais agus leis an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin na Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

## 3.3 IOMAÍOCHAS, TRÁDÁIL AGUS INFHEISTÍOCHT DHÍREACH CHOIGRÍCHE

Díríonn taighde an ESRI sa réimse seo go príomha ar thosca micreacnamaíocha agus ar bheartais struchtúracha is bun le hiomaíochas agus fás eacnamaíoch eolasbhunaithe in Éirinn agus i dtíortha Eorpacha eile, i gcomhthéacs an chomhtháthaithe eacnamaíoch idirnáisiúnta. In 2025, thug taighdeoirí aghaidh ar na téamaí uileghabhálacha seo a leanas: infheistíocht dhíreach choigríche, trádáil idirnáisiúnta, athrú teicneolaíochta, nuálaíocht agus táirgiúlacht.

Fuarthas amach i dtaighde ar infheistíocht dhíreach choigríche a foilsíodh i mí Lúnasa, cuid de thionscadal **ESSPIN** arna mhaoiniú ó Chlár Fís Eorpach **an Aontais Eorpaigh**, gur chuir láithreacht gnólachtaí móra ilnáisiúnta a raibh scaireanna margaidh ceannasacha acu (gnólachtaí 'sár-réalta' idirnáisiúnta) go mór, de bhreis ar thosca eile, le neamhionannas pá méadaithe idir gnólachtaí ar fud réigiúin na hEorpa sa tréimhse 2012–2021. Mhol taighdeoirí go bhféadfadh bearta beartais atá dírithe ar iarmhairtí a fheabhsú ó ghnólachtaí ilnáisiúnta atá thar a bheith nuálach agus táirgiúil go gnólachtaí intíre táirgiúlacht agus pá a chothú i ngnólachtaí intíre agus, ar an gcaoi sin, go gcabhróidís le dáileadh pá níos cothroime a bhaint amach. Fuarthas amach i dtaighde gaolmhar arna mhaoiniú ag an **nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil** go bhféadfadh iarmhairtí teicneolaíochta ó chleamhnaithe eachtracha in Éirinn feidhmíocht nuálaíochta glas gnólachtaí dúchasacha a fheabhsú. Thug torthaí taighde breise le fios gur bhain gnólachtaí áitiúla a bhí ag gabháil do ghníomhaíochtaí T&F tairbhe as iarmhairtí den sórt sin.

Scrúdaigh taighde a foilsíodh i mí **na Bealtaine, mar chuid den tionscadal** EFFEct arna **mhaoiniú ó Chlár Fís Eorpach an Aontais Eorpaigh,** éifeachtacht na hinfheistíochta in oiliúint na bhfostaithe ar fhás táirgiúlachta i dtíortha an AE. Fuarthas amach go raibh tionchar carnadh caipitil doláimhsithe ar fhás táirgiúlachta saothair níos láidre sna tionscail sin ina mbíonn dian-oiliúint i gceist. Chuir taighde a foilsíodh i mí Dheireadh Fómhair beart úrnua ar aghaidh maidir le caipiteal daonna atá coigeartaithe ó thaobh cáilíochta de ar leibhéal an tionscail ar fud thíortha na hEorpa a thugann cuntas ar chainníocht agus ar cháilíocht an oideachais. Ag baint leasa as an mbeart seo, léirigh torthaí taighde nasc dearfach agus suntasach ó thaobh staitistice de le fás ar tháirgiúlacht saothair i dtionscail táirgthe earraí. Fuarthas amach i dtaighde a foilsíodh i mí na Nollag gur bhain éagsúlacht mhór le gnóthachain táirgiúlachta ar leibhéal an ghnólachta ó úsáid IS ar fud gnólachtaí in Éirinn, ag brath ar shainchuspóir gnó agus ar theicneolaíocht intleachta saorga, le gnóthachain mhóra leanúnacha do ghnólachtaí a úsáideann IS le haghaidh margaíochta, riarachán gnó agus slándáil TFC, agus gnólachtaí a úsáideann teicneolaíochtaí intleachta saorga a uathoibríonn sreafaí oibre nó a chuidíonn le cinnteoireacht, amhail uathoibriú róbatach próiseas..

Fuarthas amach i dtaighde a foilsíodh i mí Mheán Fómhair ar dháileadh táirgiúlachta gnólachta, arna mhaoiniú ag an **Roinn Airgeadais**, nach raibh gnólachtaí nua nuathionscanta chomh táirgiúil céanna leis na sealbhóirí ar dtús. Leagann sé seo béim ar na dúshláin atá roimh ghnólachtaí óga ina gcéimeanna nuathionscanta, agus go mbíonn éifeacht lagaithe uaireanta ar tháirgiúlacht ag beartais a mbíonn sé mar aidhm acu borradh a chur faoi iontráil an ghnólachta. Fuarthas amach i dtaighde a foilsíodh i mí an Mhárta maidir le struchtúr, feidhmíocht agus dúshláin ar thaobh intíre an gheilleagair go bhfuil gnólachtaí in earnálacha a bhaineann go príomha le hearnálacha intíre ag fás go seasta, ach go bhfuil siad ag déanamh níos lú infheistíochta agus nuála ná gnólachtaí san earnáil ilnáisiúnta agus i dtíortha comparáideacha. Léirigh an taighde seo go bhfuil bearnaí táirgiúlachta agus plódú féideartha fós ina n-ábhair imní beartais.

Rinne taighde arna mhaoiniú ag an **gCoimisiún um Rialáil Cumarsáide (ComReg) agus ag an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide** an scrúdú ar an ngaol idir rochtain gnólachtaí ar leathanbhanda agus táirgiúlacht sárthapa idir gnólachtaí, laistigh de réigiúin in Éirinn agus ar fud réigiún in Éirinn. Thug na torthaí le fios, cé go raibh baint ag rochtain ar leathanbhanda sárthapa le gnóthachain táirgiúlachta ar an meán ar fud na ngnólachtaí go léir, go ndeachaigh na gnólachtaí is táirgiúla chun tairbhe níos mó ná na gnólachtaí eile, rud a chuir le leathnú bearnaí táirgiúlachta laistigh den réigiún. Thug an fhianaise sin le fios go raibh gá le beartais spriocdhírithe chomhlántacha amhail cláir oiliúna agus rochtain ar líonraí nuálaíochta atá dírithe ar acmhainn ionsúiteach gnólachtaí nach bhfuil chomh táirgiúil sin a neartú chun a chinntiú go ndáiltear tairbhí ón digitiú ar bhealach níos cothroime. Scrúdaigh

snáithe taighde eile an nasc idir digitiú gnólachtaí agus leitheadúlacht teagmhas slándála a bhaineann le TFC ar fud gnólachtaí in Éirinn.

Tá tionscadal taighde nua arna mhaoiniú ag **Roinn Geilleagair Thuaisceart Éireann**, a thosaigh i mí Mheán Fómhair 2025, ag scrúdú na n-éifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag athruithe ar bheartas trádála na Stát Aontaithe ar thrádáil idirnáisiúnta Thuaisceart Éireann. Úsáideann an anailís Samhail Trádála Idirnáisiúnta Cainníochtúil ilnáisiúnta il-earnáil nua-aimseartha a thugann cuntas ar thrádáil in earraí deiridh, chomh maith le hionchuir idirmheánacha agus naisc ionchuir-aschuir idirnáisiúnta. Léiríonn an creat samhaltaithe seo éifeachtaí díreacha athruithe taraife ar shreafaí trádála agus éifeachtaí dara babhta na n-athruithe ar bheartas trádála a fhorleathnaíonn trí naisc chasta idirthíortha idir-earnála. Eiseofar na torthaí in 2026.

## 3.4 OIDEACHAS

I réimse taighde an ESRI a bhaineann leis an Oideachas, clúdaítear gach leibhéal den chóras oideachais in Éirinn: oideachas luath-óige, bunoideachas, meánoideachas, breisoideachas agus ardoideachas. Bhí taighde in 2025 dírithe ar mhíbhuntáiste oideachais agus ar chonairí iarscoile i measc daoine fásta óga a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Bhain an obair le taighde agus staidéir thrasnáisiúnta ina ndírítear ar an oideachas in Éirinn.

### Buaicphointí agus torthaí taighde

- Léiríonn taighde nua mar a mhúnlaíonn féinchoincheapa acadúla leanaí, ionchais tuismitheoirí, agus cáilíocht caidrimh an mhúinteora-daltaí gnóthachtáil oideachais níos déanaí sa saol.

Tarraingíonn taighde a rinneadh mar chuid den chlár **Fís Eorpach** agus a foilsíodh i mí Mheán Fómhair, ar shonraí ón staidéar *Fás Aníos in Éirinn* chun scrúdú a dhéanamh ar an gcúis go bhfuil níos lú seans ag leanaí ó theaghlaigh atá leochaileach ó thaobh na heacnamaíochta de dul ar aghaidh go dtí an t-oideachas tríú leibhéal go rialta. Críochnaíonn na leanaí seo an bhunscoil le féinchoincheapa acadúla níos ísle, agus titeann siad seo ar bhealach níos géire sa mheánscoil i gcomparáid lena bpiaraí. Is iondúil go n-ardaíonn ionchais oideachais tuismitheoirí le linn an aistrithe seo, ach ní mar sin a tharlaíonn sé i gcás tuismitheoirí a bhfuil stádas íseal socheacnamaíoch acu. Déanann an dá phatrún seo gnóthachtáil seacht mbliana níos déanaí a thuar. Go deimhin, bíonn tionchar ar leith ag ionchais tuismitheoirí le linn na tréimhse seo ar leanaí a bhfuil stádas íseal socheacnamaíoch acu. Tá caidrimh dhearfacha idir múinteoirí agus daltaí sa luath-mheánscoil ríthábhachtach. Fiú nuair a bhíonn ard-ionchais ag tuismitheoirí a bhfuil stádas íseal socheacnamaíoch acu, bíonn caidrimh dhearfacha le múinteoirí ag teastáil óna leanaí chomh maith chun na leibhéil

ghnóthachtála chéanna (céim tríú leibhéal) a bhaint amach agus a bhíonn ag a bpiaraí a bhfuil stádas ard socheacnamaíoch acu.

- Léiríonn athbhreithniú ar an gClár Críochnaithe Scolaíochta a luach mar thacaíocht ríthábhachtach do leanaí agus daoine óga leochaileacha.

Léirigh taighde do **Sheirbhísí Tacaíochta Oideachais Tusla (TESS),** a foilsíodh i mí an Mhárta, go mbaineann neart an chláir le scileanna fhoireann an Chláir Críochnaithe Scolaíochta ó thaobh caidrimh láidre agus thacúla a fhorbairt le leanaí agus daoine óga, agus ar an gcaoi sin, a rannpháirtíocht scoile a fheabhsú. Luaitear i dtorthaí an taighde méid an mhíbhuntáiste shocheacnamaíoch atá le feiceáil i scoileanna rannpháirteacha, agus go leor ball foirne ag tuairisciú dúshlán maidir le go leor daltaí a shroicheadh, i bhfianaise leibhéal an riachtanais áitiúil.

- Léiríonn taighde nua an tábhacht a bhaineann le conairí iarscoile ardchaighdeáin iomchuí do dhaoine óga faoi mhíchumas.

Rianaigh taighde **a rinneadh don Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS)** agus a foilsíodh i mí an Mhárta, eispéiris daoine óga a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu nó míchumas orthu ón oideachas dara leibhéal tríd an aistriú chuig conairí níos déanaí. Go ginearálta, ba dhearfach na tuairimí i leith na n-ullmhúchán a rinneadh ar scoil don aistriú. Tugann na torthaí le fios, áfach, nach bhfuil ag éirí chomh maith céanna le scoileanna maidir le daltaí a ullmhú don saol aosach, do mhaireachtáil neamhspleách agus do chinntí gairme.Cé gur éirigh le go leor de lucht fágála scoileanna speisialta dul ar aghaidh chuig cláir nó seirbhísí oideachais/oiliúna, bhí moill nó cur isteach i gceist le haistrithe daoine áirithe.

### Taighde eile

Tá baint lárnach ag taighdeoirí oideachais le dhá staidéar chomparáideacha Eorpacha, tionscadal **ESSPIN** agus tionscadal **EFFEct,** agus tá taighdeoir amháin ina Shaineolaí Náisiúnta na hÉireann ag Saineolaithe Neamhspleácha **an Choimisiúin Eorpaigh** ar Oideachas agus Oiliúint. Foilsíodh tuarascáil ina gcuirtear i láthair comhairle beartais agus machnaimh a d'eascair as próiseas piarchomhairleoireachta a fuair maoiniú ón **gCoimisiún Eorpach** sa Pholainn i mí Iúil.

Síníodh clár taighde nua leis an **Roinn Oideachais agus Óige, leis an Roinn Leanaí, Míchumais agus Comhionannais agus** leis an **Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt**, ag scrúdú rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga i ngníomhaíochtaí cruthaitheacha agus cultúrtha. Ag tarraingt ar shonraí atá ann cheana agus ar thaighde bunscoile nua i suíomhanna éagsúla scoile agus lasmuigh den scoil ar fud na tíre, scrúdóidh an taighde taithí agus tionchar na n-ealaíon cruthaitheach agus na

ngníomhaíochtaí cultúrtha i saol daoine óga, agus cuirfidh sé bonn eolais faoi bheartas na hÓige Ildánaí tar éis 2027.

Cuireadh tús le clár taighde nua ar neamhláithreacht scoile le **Seirbhís Tacaíochta Oideachais Tusla (TESS),** ag baint úsáide as sonraí riaracháin chun scála an neamhfhreastail a dhoiciméadú, agus ag baint úsáide as sonraí *Fás Aníos in Éirinn* chun breathnú ar spreagthaí na neamhláithreachta agus ar a hiarmhairtí fadtéarmacha. Cuireadh tús chomh maith le hobair i gcomhair le margadh saothair agus foireann scileanna an ESRI ar chreat meastóireachta agus monatóireachta don chlár Comhionannas Deiseanna i Scoileanna a Sheachadadh (DEIS) don **Roinn Oideachais agus Óige**.

I mí Iúil, chuir taighde a rinneadh le **Empowering People in Care (EPIC)** béim ar ról an iliomad socrúchán cúraim agus athruithe scoile mar bhacainní ar rannpháirtíocht oideachais do dhaoine óga a bhfuil taithí acu ar chúram. Léirigh taighde leis an **Roinn Leanaí, Míchumais agus Comhionannais,** a foilsíodh i mí Lúnasa, go mbíonn taithí ar iompar de chineál bulaíochta ag sciar suntasach de dhaoine óga, iompar a fhágann trína chéile nó feargach iad gan é a shainmhíniú mar bhulaíocht; mar sin, is lú seans go n-inseoidh siad é do dhuine fásta.

Foilsíodh an chéad tuarascáil ar an staidéar fadaimseartha ar Thurais Ghairmiúla Múinteoirí, arna maoiniú ag an **Roinn Oideachais agus Óige** agus an **Chomhairle Mhúinteoireachta**, i mí na Nollag.

Chlúdaigh roinnt alt irise raon éagsúil ábhar, lena n-áirítear beartais dhigiteacha i scoileanna, forbairt scileanna TFC, folláine daltaí, caidrimh daltaí-múinteoirí, agus ráta glactha ábhair eolaíochta.

### 3.5 FUINNEAMH AGUS AN COMHSHAOL

Tagann bunmhaoiniú le haghaidh taighde fuinnimh ag an ESRI ó Ionad Taighde Beartais Fuinnimh an ESRI, a bhfuil an **Coimisiún um Rialáil Fóntais**, an **Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil, EirGrid, Energia, ESB, Líonraí Gáis Éireann, Bord Gáis** agus **SSE Ireland** i measc na gcomhaltaí. Maoiníonn an **Coimisiún Eorpach (Fís Eorpach), Taighde Éireann (Fondúireacht Eolaíochta Éireann** roimhe seo) agus **Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (ÚFIÉ)** tionscadail bhreise. Is í an **Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC)** a mhaoiníonn taighde a bhaineann leis an gcomhshaol, agus is iad an Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil agus an **Coimisiún um Rialáil Cumarsáide (ComReg)** a mhaoiníonn taighde ar líonraí agus ar sheirbhísí cumarsáide leictreonaí. Cuimsítear sa taighde sa réimse ábhair ar nós éifeachtúlacht fuinnimh tí, bochtaineacht fuinnimh, margaidh leictreachais a dhearadh, agus an comhéadan idir an comhshaol agus sláinte an duine.

Le linn 2025, leanadh den obair ar chéim V de chlár taighde GCC. Tá 11 thionscadal sa chlár reatha, a chlúdaíonn saincheisteanna amhail eacnamaíocht an athraithe ar úsáid talún, sláinte agus athrú aeráide, beartas tionsclaíoch agus eolaíocht iompraíochta. Foilsíodh an tuarascáil deiridh ó chlár taighde céim IV GCC i mí an Mheithimh, agus chuir taighdeoirí torthaí taighde a fuair maoiniú ó GCC i láthair ag Comhdháil Bhliantúil Chumann Eacnamaíochta na hÉireann, Comhdháil Sláinte agus Folláine GCC/ESRI/FSS agus Imeacht Náisiúnta Aeir GCC.

- Tá taraifí líonra na hÉireann neamhéifeachtúil. Aithnítear sa staidéar na buntáistí a bhaineann le hathchóiriú agus bearta costas-léiritheacha chun éifeachtaí dáileacháin diúltacha a sheachaint.

- Fuarthas amach i staidéar a foilsíodh i mí na Bealtaine go bhfuil struchtúr reatha tharaifí líonra na hÉireann neamhéifeachtúil. Rinneadh imscrúdú ar na himpleachtaí a bhaineann le hathchóiriú costas-léiritheach; thángthas ar an tátal, cé go gcuirfeadh athchóiriú den sórt sin feabhas ar leas tomhaltóirí go comhiomlán, go bhféadfadh iarmhairtí dáileacháin diúltacha a bheith ann dá bharr. Fuarthas amach sa taighde nach cúis mhaith é seo chun athchóiriú a sheachaint; ba cheart aghaidh a thabhairt ar na hiarmhairtí dáileacháin seo mar chuid de bhearta beartais shóisialta. Is féidir le léargais thráthúla an staidéir a bheith mar bhonn eolais ag athbhreithnithe taraife leanúnacha ón gCoimisiún um Rialáil Fóntas. Ba é **Ionad Taighde Beartais Fuinnimh an ESRI (EPRC)** a mhaoinigh an páipéar seo.

- Fuair taighde arna mhaoiniú ag an **GCC** agus a foilsíodh i mí na Samhna, fianaise ar neamhionannais maidir le nochtadh do thruailliú aeir dé-ocsaíde nítrigine ($NO_2$) ar fud an daonra. Ag baint úsáide as sonraí ó GCC agus Daonáireamh Daonra, fuarthas amach sa taighde go bhfuil tiúchan $NO_2$ ar an méid is airde i gceantair ina bhfuil líon níos mó cíosaithe agus daoine nach daoine geala iad.

- Leanadh ar aghaidh le clár taighde an ESRI um Bochtaineacht Fuinnimh le linn 2025. Cuireadh méadrachtaí éagsúla maidir le bochtaineacht fuinnimh i bhfeidhm ar thacair shonraí na hÉireann agus rinneadh anailís spásúil den chéad uair ar bhochtaineacht fuinnimh. Léiríonn na torthaí go mbíonn torthaí éagsúla ag baint le méadrachtaí atá bunaithe ar chaiteachas fuinnimh i gcomparáid le méadrachtaí atá bunaithe ar theaghlaigh a chiorraíonn úsáid fuinnimh, gan aon mhéadracht shonrach ann a oireann do gach cás.

Rinne an fhoireann Fuinnimh agus Comhshaoil roinnt aighneachtaí chun bonn eolais a chur faoi chinnteoireacht an rialtais**,** go háirithe glaonna an Choimisiúin um Rialáil

Fóntas ar fhianaise, mar aon le fianaise a chur faoi bhráid an Tascfhórsa Náisiúnta um Inacmhainneacht Fuinnimh.

I mí an Mheithimh, reáchtáil an fhoireann an 13ú Seimineár um Thaighde ar Aeráid agus Fuinneamh MaREI, imeacht inar pléadh ábhair a bhaineann le beartas aeráide, úsáid fuinnimh chónaithe, agus an earnáil leictreachais.

I mí na Nollag, thug John Curtis agus Niall Farrell caint do Chomhchoiste an Oireachtais um Aeráid, Comhshaol agus Fuinneamh. Ag tarraingt ar thaighde an ESRI, rinne siad anailís ar na príomhroghanna beartais chun dul i ngleic le hinacmhainneacht fuinnimh: aistrithe aonfhoirmeacha (e.g. creidmheasanna fuinnimh), aistrithe spriocdhírithe (e.g. athruithe ar aistrithe sóisialta) agus athruithe ar phraghsanna fuinnimh (e.g. athruithe ar rátaí CBL).

## 3.6 SLÁINTE AGUS CAIGHDEÁN NA BEATHA

In 2025, dhírigh taighde sláinte agus cáilíochta saoil ar athchóiriú na seirbhíse sláinte agus ar an tsláinte phoiblí. I measc athchóiriú na seirbhíse sláinte, rinneadh taighde ar riachtanais acmhainne réamh-mheasta ar fud an chórais sláinte agus cúraim shóisialaigh. Scrúdaigh an taighde sláinte poiblí tionchar na ndálaí comhshaoil ar shláinte, ar shláinte agus folláine daoine óga, agus ar fhoréigean gnéis.

### Buaicphointí agus torthaí taighde

I mí Feabhra, reáchtáladh comhdháil beartais agus taighde leathlae chun na torthaí ó shraith tuarascálacha taighde ón gclár taighde ar Shláinte Ghnéis agus Folláine, arna mhaoiniú ag **Clár Sláinte Gnéis FSS**, a phlé. Scrúdaigh an taighde seo, a d'úsáid sonraí ón staidéar *Fás Aníos in Éirinn,* saincheisteanna a bhaineann le hábharthacht beartais i dtrí phríomhréimse sláinte agus folláine ghnéis: úsáid na pornagrafaíochta, tionscnamh gnéasach, agus litearthacht sláinte gnéis.

I mí an Mhárta, thug an Dr Gretta Mohan Léacht Barrington do Chumann Fiosrúcháin Staidrimh agus Sóisialta na hÉireann (SSISI). Foilsíodh an páipéar, 'Who is lonely in the EU's loneliest nation?: A post-pandemic examination of loneliness among the adult population in Ireland', san irisleabhar *Journal of the Statistical and Social Inquiry Society of Ireland*, agus sonraí ó sciartha 2021 agus 2023 den tSuirbhé Éire Shláintiúil agus fuarthas comhcheangal láidir idir easpa daoine le brath orthu, saincheisteanna meabhairshláinte dóchúla, agus géar-uaigneas (ag brath uaigneach go minic nó i gcónaí).

I mí na Nollag, reáchtáladh imeacht leathlae chun na torthaí ó shraith tuarascálacha, arna maoiniú ag an **Roinn Sláinte**, a phlé, ag réamh-mheas riachtanais éilimh agus

acmhainne do roinnt seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta go dtí 2040. Ag tabhairt lucht acadúil, lucht déanta beartas agus gairmithe sláinte le chéile, scrúdaigh an ócáid na dúshláin a bhaineann leis na riachtanais réamh-mheasta a chomhlíonadh agus rinne sí iniúchadh ar chonairí beartais féideartha.

### Aschur taighde eile

In 2025, críochnaíodh obair ar an athbhreithniú acmhainne ar chóras cúram sláinte na hÉireann, agus foilsíodh na sé thuarascáil ghaolmhara i rith na bliana. Leanadh den obair ar an gclár taighde ar fhoréigean gnéis arna mhaoiniú ag **Cuan**, tionscadal arna mhaoiniú ag an **mBord Taighde Sláinte,** i gcomhar le comhghleacaithe ó **Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath**, chun próifíl Córas Sláinte i mbun Aistrithe a scríobh d'Éirinn, an tionscadal meabhairshláinte arna mhaoiniú ag an mBord Taighde Sláinte, clár taighde **GCC** agus clár fórsa saothair **FSS**.

In 2025, críochnaíodh an t-athbhreithniú cuimsitheach acmhainne ar chóras cúraim sláinte na hÉireann agus foilsíodh sé thuarascáil ghaolmhara de chuid an ESRI i rith na bliana. Leanadh den taighde ar an gclár **Cuan** a scrúdaíonn foréigean gnéis aosaigh; ar thionscadal **an Bhoird Taighde Sláinte** i gcomhar le comhghleacaithe **i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath**, chun próifíl nuashonraithe Córas Sláinte i mbun Aistrithe a chur ar fáil d'Éirinn; ar an tionscadal meabhairshláinte arna mhaoiniú ag **an mBord Taighde Sláinte**; ar chlár taighde **GCC**; agus ar chlár pleanála fórsa saothair **FSS**.

I rith na bliana, rinneadh cur i láthair ar réimse leathan comhdhálacha acadúla, páirtithe leasmhara agus lucht déanta beartas, lena n-áirítear comhdháil Chumann Eacnamaíochta na hÉireann, an Chomhdháil Bhliantúil um Chur Chun Cinn na Sláinte, an Chomhdháil Bhliantúil Taighde *Fás Aníos in Éirinn*, Coinbhinsiún Bliantúil Chumann na nAchtúirí, cruinniú Dhámh na Míochaine Sláinte Poiblí, agus Comhdháil Bhliantúil Thithe Altranais na hÉireann.

## 3.7 TITHÍOCHT

Tá rochtain ar thithíocht agus inacmhainneacht tithíochta ar cheann de na saincheisteanna sóisialta agus eacnamaíocha is criticiúla in Éirinn agus ar fud na cruinne. Díríonn réimse taighde tithíochta an ESRI ar réimse ábhar chun fianaise a sholáthar chun tacú le cinntí beartais tithíochta. I measc na n-ábhar seo, tá rátaí úinéireachta tí a thuiscint, inacmhainneacht tithíochta a thomhas, anailís a dhéanamh ar an earnáil cíosa, anailís ar thaobh an tsoláthair agus ar an margadh talún, agus gnéithe sóisialta den tithíocht.

In 2025, i measc na dtéamaí taighde uileghabhálacha a bhí againn, bhí iniúchadh a dhéanamh ar inbhuanaitheacht na margaí tithíochta, beartais rialaithe cíosa a

thuiscint, feabhas a chur ar mhonatóireacht ar threochtaí cíosa, éifeachtúlacht fuinnimh a fhiosrú le haghaidh réadmhaoine ar cíos, agus gníomhaíocht ligean gearrthéarmach a scrúdú.

- Léiríonn anailís ar shonraí cíosa rátaí boilscithe ísle ar leibhéal réadmhaoine do thionóntaí príobháideacha ar cíos a fhanann ina dtionóntacht, agus rátaí níos airde do réadmhaoin le tionóntaí atá ag athrú.
- Leanadh ar aghaidh le monatóireacht ar cíos trí Innéacs Cíosa an ESRI/an Bhoird Tionóntachtaí Cónaithe in 2025, ag léiriú treochtaí mionsonraithe i bpraghsanna cíosa ar fud na hÉireann.
- Anailís ar threochtaí trasnáisiúnta in úinéireacht tí agus ar staid na hÉireann i gcoibhneas le tíortha Eorpacha eile in 2025.
- Fuarthas i dtaighde ar rialuithe cíosa go raibh nasc díreach, cúisíoch idir bearta rialaithe cíosa agus bealaí amach réadmhaoine ag tiarnaí talún.
- Leag taighde béim ar an dúshlán a bhaineann le gníomhaíocht um ligean gearrthéarmach agus ar an gcaidreamh idir í sin agus an earnáil cíosa phríobháidigh a thuiscint.
- Rinne taighde iniúchadh ar riachtanais infheistíochta maidir le huasghráduithe éifeachtúlachta fuinnimh san earnáil cíosa phríobháidigh.

### Buaicphointí agus torthaí taighde

**Leagtar béim i dtaighde nua ar an dúshlán a bhaineann le gníomhaíocht um ligean gearrthéarmach agus idirghníomhaíocht leis an earnáil cíosa a thuiscint:** Tá rialáil mhéadaithe á déanamh ar na hardáin seo ar fud tíortha le blianta beaga anuas mar thoradh ar an imní faoi thionchair ligean gearrthéarmach ar phobail áitiúla. Rinne taighde arna mhaoiniú ag an **Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta** in 2025 an earnáil ligean gearrthéarmach in Éirinn agus a hidirghníomhaíocht leis an earnáil cíosa phríobháideach a phróifíliú. Thug an taighde léargas cuimsitheach ar leibhéal agus ar phríomhthréithe úsáid Airbnb ar fud na hÉireann. Bhí an anailís seo bunaithe ar shonraí 2023 a chuir InsideAirbnb ar fáil, chomh maith le sonraí ar limistéir bheaga ó Dhaonáireamh 2022. Ba é fócas ar leith na hoibre ná scrúdú a dhéanamh ar mhéid mhargaí Airbnb i gcoibhneas leis an earnáil cíosa phríobháidigh i gceantair áitiúla. Leagtar béim sa taighde chomh maith ar thorthaí roinnt staidéar acadúil tosaigh ar an tionchar a bhí ag cineálacha éagsúla rialála ar an earnáil ligean gearrthéarmach go hidirnáisiúnta.

**Déanann taighde iniúchadh ar na riachtanais infheistíochta maidir le huasghráduithe éifeachtúlachta fuinnimh ar réadmhaoin ar cíos:** Le tacaíocht faoin gclár taighde seanbhunaithe leis an **Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta**, bhí sé mar aidhm ag taighde a foilsíodh in 2025 éifeachtúlacht fuinnimh réadmhaoine ar cíos a iniúchadh, costais infheistíochta uasghráduithe féideartha a mheas agus inacmhainneacht na n-infheistíochtaí seo ag tiarnaí talún beaga a iniúchadh. Fuair an taighde go bhfuil rátáil C (52%) nó D (30%) ar fhormhór na réadmhaoine. Tá rátáil éifeachtúlachta fuinnimh E1 nó níos ísle ag an gcuid eile de na réadmhaoine (thart ar 45,000 réadmhaoin ar cíos). Baineann an-éagsúlacht leis na costais a bhaineann le huasghrádú go rátáil B ach meastar gurb ionann iad agus €43,000 ar an meán le haghaidh réadmhaoine a bhfuil rátáil G orthu agus díreach faoi bhun €30,000 le haghaidh réadmhaoine a bhfuil rátáil C orthu, i bhfianaise phraghsanna 2023. Meastar go mbeidh an infheistíocht iomlán a theastaíonn ó úinéirí réadmhaoine chun an earnáil cíosa a iarfheistiú go BER B1–B2 idir €7bn agus €8bn

**Leagann léargais ar threochtaí cíosa ar leibhéal réadmhaoine béim ar leibhéil bhoilscithe éagsúla ar fud na hearnála:** Chuir an taighde seo, arna mhaoiniú ag an **mBord um Thionóntachtaí Cónaithe (BTC),** anailís mhionsonraithe ar fáil ar fhorbairtí praghsanna cíosa ag leibhéal na réadmhaoine aonair. Úsáideann sé sonraí ó na chéad trí bliana de shonraí clárúcháin bliantúla ón BTC. Murab ionann agus an tInnéacs Cíosa BTC/ESRI, a léiríonn fás ar an meánleibhéal cíosa sa mhargadh agus go bhfuil tionchar ag an nós réadmhaoine a thriail ar an margadh air, rianaigh an staidéar seo na réadmhaoine céanna le himeacht ama chun taithí an teaghlaigh ar bhoilsciú cíosa a ghabháil. Clúdaíonn an anailís breis agus 375,000 péire réadmhaoine comhoiriúnaithe idir R2 2022 agus R1 2025, rud a thugann léargas uathúil ar an gcaoi a dtagann forbairt ar chíosanna don aonad céanna le himeacht ama, ar an méid greamaitheachta praghsanna, éifeachtaí rátaí athraithe agus difríochtaí idir Criosanna Brú Cíosa i gcomparáid le limistéir nach Criosanna Brú Cíosa iad. Leag na torthaí béim ar mheasarthacht i mboilsciú cíosa ar leibhéal réadmhaoine le linn na bliana is déanaí (R2 2024–R1 2025), in éineacht le difríochtaí suntasacha idir Criosanna Brú Cíosa agus limistéir nach Criosanna Brú Cíosa iad, agus idir réadmhaoine a bhfuil tionóntachtaí leanúnacha acu agus iad siúd a mbaineann ráta athraithe tionóntaí leo. Foilsíodh chomh maith tuilleadh oibre acadúla atá dírithe ar an gcaoi a bhfuil difríocht idir na treochtaí seo de réir mhéid na dtiarnaí talún.

**Éifeachtaí rialuithe cíosa ar thaobh an tsoláthair:** Mheas taighde comhoibritheach idir an ESRI, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus Ollscoil na hÉireann, Gaillimh (OÉG) na héifeachtaí ar thaobh an tsoláthair a bhaineann le rialú cíosa in Éirinn. Bhain an taighde úsáid as bearta cobhsaithe cíosa a thabhairt isteach in Éirinn tar éis 2016, agus as an ngéarú a rinneadh orthu in 2021, chun tuiscint a fháil ar thionchar na mbeartas seo ar sholáthar tithíochta cíosa agus cibé an raibh nó nach raibh na beartais

ina gcúis le réadmhaoine imeacht as an earnáil. Tomhaistear gníomhaíocht cíosa ag baint leasa as liostuithe ar líne agus clárúcháin tionóntachta oifigiúla araon, le tuilleadh sonraí ar sheomraí ar cíos. Aimsíonn an taighde fianaise ar imeacht ón margadh cíosa, go háirithe tar éis do rialuithe cíosa a bheith níos doichte in 2021: tá rialuithe cíosa bainteach le níos mó liostuithe díola agus níos lú liostuithe/clárúcháin cíosa. Ar an gcaoi chéanna, tá tionchar diúltach rialuithe cíosa ar liostuithe seomraí ar cíos ag teacht le himeacht an mhargaidh seachas le soghluaisteacht laghdaithe amháin

### Aschur taighde eile

Soláthraíonn an ESRI figiúirí treochta cíosa ráithiúla san Innéacs Cíosa ESRI/BTC seanbhunaithe arna mhaoiniú ag an **mBord um Thionóntachtaí Cónaithe**. Is é an faireachas margaidh seo an anailís thréimhsiúil is údarásaí agus is cuimsithí ar threochtaí i ngníomhaíocht cíosa a sholáthraítear do mhargadh na hÉireann, ag giaráil tacair mhóra sonraí riaracháin. Mar chuid den taighde arna mhaoiniú ag an **Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, thug an ESRI faoi thaighde ar rátaí úinéireachta** tí a chur i gcomparáid ar fud an Aontais Eorpaigh agus rinne sé iniúchadh ar an gcaoi ar éirigh le hÉirinn i gcomhthéacs trasnáisiúnta. Rinne taighde ar an gcóimheas praghas tí agus cíos a shamhaltú iniúchadh ar ról an bheartais airgeadaíochta agus ar choinníollacha creidmheasa atá ag athrú.

Mar chuid de Ghrúpa Comhairleach an Mhargaidh Réadmhaoine **de chuid Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (UNECE),** bhí baint ag an ESRI le staidéar mór trasnáisiúnta ar inacmhainneacht tithíochta ar fud balltíortha UNECE a foilsíodh in 2025. Maidir le gealltanais sheachtracha, chuir taighdeoirí tithíochta an ESRI faoi bhráid réimse páirtithe leasmhara poiblí agus príobháideacha, Coiste Maoirseachta Buiséadach an Oireachtais, an Coiste Oireachtais um Thithíocht, Rialtas Áitiúil agus Oidhreacht agus réimse comhlachtaí eile san earnáil phoiblí. Cuireadh taighde an ESRI i láthair ag go leor comhdhálacha acadúla, lena n-áirítear imeachtaí a d'eagraigh an Líonra Eorpach um Thaighde Tithíochta agus Ionad Comhoibritheach na Ríochta Aontaithe um Fhianaise Tithíochta in Ollscoil Ghlaschú

## 3.8 AN MARGADH SAOTHAIR AGUS SCILEANNA

In 2025, chlúdaigh taighde réimse éagsúil ábhar, as ar tháinig roinnt foilseachán nua-eisithe nó críochnaithe, chomh maith le hobair ag tosú i réimsí nua taighde. Sheol an fhoireann an dara tuarascáil faoi chlár taighde leis an **Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta** a d'fhorbair Creat Meastóireachta don Chiste Náisiúnta Oiliúna. Foilsíodh staidéar chomh maith, arna mhaoiniú ag **Pobal**, inar scrúdaíodh athruithe ar bhacainní ar an leibhéal ceantair ar an gcuimsiú sóisialta le himeacht ama; fuair sé feabhsuithe ar thorthaí eacnamaíocha ach

go raibh éagothroime sláinte ag leathnú. Foilsíodh páipéir ón gclár taighde le **Pobal** in *Regional Studies, Regional Science* agus in *The Economic and Social Review*.

Foilsíodh taighde arna mhaoiniú ag an **gCoimisiún um Pá Íseal** a scrúdaíonn patrúin réigiúnacha fostaíochta ar phá íosta in Éirinn, ag baint leasa as sonraí folúntais poist ar líne. Foilsíodh páipéir chomh maith in *Applied Economics*, *Economica* agus in *British Journal of Industrial Relations,* bunaithe ar obair a maoiníodh faoi **chlár an Choimisiúin um Pá Íseal**. Chomh maith leis sin, foilsíodh páipéar arna mhaoiniú ag an **Roinn Airgeadais** ina scrúdaítear minicíocht agus saintréithe post glas agus donn in Éirinn. Cuireadh tús le roinnt staidéar nua in 2025, lena n-áirítear taighde ina ndéantar comparáid idir folláine ar fud ceantair **Ghaeltachta agus ceantair nach ceantair Ghaeltachta iad arna maoiniú ag Údarás na Gaeltachta**, meastóireacht ar an gclár DEIS arna mhaoiniú ag an **Roinn Oideachais agus Óige**, agus scrúdú ar an mbearna inscne in úsáid scileanna digiteacha ag an obair, arna maoiniú ag **Bloc W**.

Lean an fhoireann uirthi ag déanamh taighde ar shaincheisteanna Thuaidh-Theas; chomhscríobh taighdeoirí tuarascálacha ar dhifríochtaí i gcaighdeáin mhaireachtála agus ar staidéar sintéise ag déanamh comparáide idir réimse deiseanna saoil ar an dá thaobh den teorainn, arna mhaoiniú faoi chomhchlár taighde an ESRI leis an **Aonad Oileán Comhroinnte i Roinn an Taoisigh**. Faoin gclár seo chomh maith, cuireadh tús le hobair ar dhifríochtaí trasteorann i rátaí míchumais. Tá obair a bhaineann go sonrach le Tuaisceart Éireann ar siúl chomh maith, agus tá staidéar arb é an chéad cheann dá leithéid ar shoghluaisteacht daltaí á mhaoiniú ag **Roinn Geilleagair Thuaisceart Éireann**. Is minic a luann páirtithe leasmhara, lucht déanta beartas agus na meáin 'imirce daoine oilte ó Thuaisceart Éireann' mar a thugtar air, ach níl aon fhianaise ar an gceist le déanaí. Cuireadh tús le dhá thionscadal bhreise i dTuaisceart Éireann ag deireadh 2025, arna maoiniú ag **EPIC FUTURES NI**. Scrúdóidh siad seo caipiteal sóisialta agus díobhálacha fadtéarmacha na coinbhleachta ar thorthaí fostaíochta chun cabhrú le dul i ngleic le neamhghníomhaíocht eacnamaíoch an réigiúin.

In 2025, d'fhoilsigh taighdeoirí roinnt aschur ó dhá thionscadal, arna maoiniú ag an gclár **Fís Eorpach**, ar an ábhar mí-oiriúintí scileanna: **TRAILS** agus **SkillsPULSE.** Ina measc siúd, bhí staidéir ar ghanntanas scileanna, bearnaí scileanna agus tearc-oideachas D'fhoilsigh taighdeoirí dhá chaibidil chomh maith ar ghnéithe éagsúla den mhí-oiriúnú scileanna sa *Lámhleabhar Oideachais agus Saothair* agus sa *Lámhleabhar ar Oideachas agus sa Mhargadh Saothair*. Bhí dhá pháipéar ag baill foirne chomh maith ar mhí-oiriúintí scileanna ar glacadh leo le haghaidh eagrán speisialta den *Journal of Education and Work*, agus d'fhoilsigh siad páipéir ina scrúdaítear tuilleamh agus sásamh poist na gcéimithe Gairmoideachais agus Oiliúna in *Education Economics*, agus fostaíocht réigiúnach don aos óg in *Journal of Youth Studies*.

### Buaicphointí

- D'fhorbair ár staidéar ar ghanntanas scileanna modheolaíocht nua a chuireann ar chumas ganntanas scileanna féideartha a thomhas le himeacht ama agus ar fud tíortha. Tá easpa soiléireachta agus comhsheasmhachta ann maidir leis an gcaoi a ndéantar ganntanas scileanna a shainiú agus a thomhas. Sa staidéar seo, ag baint úsáide as sonraí ó Shuirbhé Scileanna agus Post na hEorpa, 2021 in éineacht le sonraí folúntais poist Lightcast, rinneamar iarracht an bhearna mhodheolaíoch seo a dhúnadh. Mheasamar gur dócha go mbeidh ganntanas scileanna ag thart ar 2% d'fholúntais poist san Aontas Eorpach. Tá an cur chuige modheolaíoch a forbraíodh sa pháipéar glactha ag Cedefop, an Lárionad Eorpach um Fhorbairt na Gairmoiliúna, mar bhonn sainráite dá Innéacs TalentGap nua.

- D'fhéach ár staidéar ar an gCiste Náisiúnta Oiliúna le measúnú córasach a dhéanamh ar a mhéid is féidir gach tionscnamh a mhaoinítear faoin gCiste Náisiúnta Oiliúna a mheas, ag baint úsáide as meastóireacht tionchair fhrithfhíorasach agus, i gcás nach bhfuil meastóireacht tionchair fhrithfhíorasach indéanta, na modheolaíochtaí is oiriúnaí bunaithe ar struchtúr agus cuspóirí tionscadail. Tá ról láidir ag an gCiste Náisiúnta Oiliúna i dtionscnaimh forbartha fórsa saothair a mhaoiniú in Éirinn le 25 bliain anuas agus táthar ag súil go mbeidh maoiniú €1.485 billiún ar fáil thar an tréimhse sé bliana idir 2025 agus 2030. Is ábhar spéise náisiúnta é a chinntiú gur féidir meastóireacht cheart a dhéanamh ar thionscnaimh an Chiste Náisiúnta Oiliúna.

## 3.9 MAICREACNAMAÍOCHT

Leanann taighde maicreacnamaíoch in 2025 le scrúdú a dhéanamh ar spreagthaí fheidhmíocht eacnamaíoch na hÉireann, ag díriú ar luaineachtaí gearrthéarmacha agus ar dhúshláin struchtúracha fhadtéarmacha araon. I measc na bpríomhréimsí, tá ionchais fáis mheántéarmacha a mheas, impleachtaí na n-athruithe déimeagrafacha a thuiscint, agus anailís a dhéanamh ar rioscaí don gheilleagar ó fhorbairtí intíre agus domhanda araon. Tá an obair seo mar bhonn agus taca ag anailís bheartais trí fhianaise a sholáthar ar athléimneacht eacnamaíoch, ar threochtaí sa mhargadh saothair, agus ar dhinimic fhioscach.

### Buaicphointí agus torthaí taighde

**Múnla maicreacnamaíoch struchtúrach do Thuaisceart Éireann**. In 2025, forbraíodh múnla maicreacnamaíoch struchtúrach nua i gcomhpháirtíocht le NIESR agus arna mhaoiniú ag **Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann** chun tacú le réamh-mheastacháin mheántéarmacha agus le hanailís bheartais ar bhonn uile-oileáin.

Gabhann an tsamhail idirghníomhaíochtaí idir teaghlaigh, gnólachtaí, rialtas, agus an earnáil eachtrach, rud a nascann Tuaisceart Éireann go foirmiúil le geilleagar na hÉireann agus le geilleagar na Ríochta Aontaithe i gcoitinne. Tugann ionsamhluithe luatha le fios go bhfreagraíonn aschur Thuaisceart Éireann ar bhealach difriúil do thurraingí airgeadaíochta agus fioscacha ná an chuid eile den Ríocht Aontaithe, agus gur féidir le hiarmhairtí fáis ó Éirinn éifeachtaí dearfacha a ghiniúint.

**Bíonn tionchar ag taraifí agus ag beartas trádála caomhnaitheach ar Éirinn**. I bpáipéar oibre i mí an Mhárta 2025, scrúdaíodh mar a d'fhéadfadh méadú ar chosaint, lena n-áirítear bacainní- taraife agus neamhtharaifí, dul i bhfeidhm ar gheilleagar an-oscailte na hÉireann. Agus úsáid á baint as samhail struchtúrach an ESRI de gheilleagar na hÉireann, COSMO, fuair an taighde go bhféadfadh cásanna taraife aontaobhacha agus déthaobhacha araon OTI agus éileamh intíre a laghdú faoi roinnt pointí céatadáin i gcoibhneas le bonnlíne gan taraifí sna 5–7 mbliana amach romhainn, agus an earnáil thrádáilte nochta go háirithe mar gheall ar a comhtháthú domhanda. D'fhéadfadh taraifí níos airde fostaíocht agus fáltais chánach a lagú chomh maith, rud a chuireann brú breise ar airgeadas poiblí. Bhain an taighde seo clúdach idirnáisiúnta amach ó na meáin.

**Leagann tráchtaireacht ráithiúil béim ar fheidhmíocht láidir leanúnach na hÉireann ach le rioscaí domhanda atá ag ardú**. Leag na *Tráchtaireachtaí Eacnamaíocha Ráithiúla* a foilsíodh i rith 2025 béim ar fheidhmíocht eacnamaíoch láidir na hÉireann, le tomhaltas agus easpórtálacha láidre. Mar sin féin, ba iad na príomhthéamaí i rith na bliana ná measarthacht i bhfás fostaíochta agus srianta leanúnacha acmhainne i dtithíocht agus i mbonneagar. Leagadh béim chomh maith ar leochaileacht na hÉireann i leith forbairtí idirnáisiúnta – go háirithe, rioscaí a bhaineann le fáltais ó cháin chorparáide agus le gníomhaíocht ilnáisiúnta.

**Seoladh suirbhé eacnamaíoch nua an- oileáin chomhroinnte.** I mí na Nollag 2025, seoladh an chéad suirbhé eacnamaíoch bliantúil de chuid an ESRI ar Éirinn agus ar Thuaisceart Éireann i gcomhpháirtíocht le hAonad an Oileáin Chomhroinnte. Soláthraíonn an suirbhé, a thuairiscigh fás i bhfostaíocht agus aschur ar fud an dá dhlínse, ardán nua le haghaidh anailís eacnamaíoch chomparáideach.

**Impleachtaí na déimeagrafaice agus na hinfheistíochta d'acmhainneacht fáis na hÉireann amach anseo.** I mí Eanáir 2025, chuir ESRI réamh--mheastacháin fhadtéarmacha i láthair maidir le geilleagar na hÉireann trí leas a bhaint as creat fáis Solow, lena gcomhcheanglaítear cás bonnlíne le roghanna eile a léiríonn rátaí infheistíochta níos airde agus conairí imirce éagsúla. Leagann an anailís béim ar fhás láidir le déanaí atá á spreagadh ag leathnú an daonra agus an lucht saothair, ach aithníonn sí srianta atá ag teacht chun cinn ó rátaí infheistíochta atá ag laghdú agus

aosú déimeagrafach, ag cur béim ar an tábhacht a bhaineann le foirmiú caipitil marthanach chun tacú le fás- meántéarmach.

**Leagann dearcadh eacnamaíoch meántéarmach na hÉireann béim ar riosca agus ar dheis.** I mí na Nollag 2025, d'fhoilsigh an ESRI ionchas eacnamaíoch- meántéarmach ina leagtar amach réamh-mheastacháin bhonnlíne go 2035 agus cásanna maidir le suaití seachtracha féideartha amhail moilliú domhanda, caillteanas iomaíochais, agus laghdú méide ag corparáidí ilnáisiúnta. Leagann an tuarascáil béim ar dheiseanna d'fhás leanúnach agus do leochaileachtaí atá ceangailte le cúinsí domhanda agus le suíomhanna beartais intíre.

### Aschur taighde eile

Le linn 2025, chuir taighdeoirí torthaí i láthair ag raon fóraim náisiúnta agus idirnáisiúnta, lena n-áirítear éisteachtaí ó choiste an Oireachtais, comhchruinnithe beartais agus comhdhálacha acadúla. Lean comhoibriú an chláir taighde ar aghaidh agus leathnaíodh iad leis an **Roinn Airgeadais, le Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann, le hAonad an Oileáin Chomhroinnte, agus leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta**. Ina theannta sin, soláthraíonn an fhoireann mhaicreacnamaíochta tuar reatha míosúil ar Éileamh Intíre Modhnaithe (MDD) a úsáideann táscairí fíor-ama chun gníomhaíocht eacnamaíoch a mheas sula mbíonn uimhreacha oifigiúla na Príomh-Oifige Staidrimh ar fáil.

## 3.10 IMIRCE, LÁNPHÁIRTÍOCHT AGUS DÉIMEAGRAFAÍOCHT

Díríonn an taighde sa réimse seo ar lánpháirtiú imirceach, chomh maith le treochtaí agus beartas imirce. In 2025, scrúdaigh taighde an ESRI an chaoi a bhfuil an daonra a rugadh ar an gcoigríoch ag dul i bhfeidhm ar raon táscairí comhtháthaithe, chomh maith le fachtóirí ar leibhéal an phobail a bhfuil tionchar acu ar dhearcadh i leith na hinimirce. D'fhéach an Gréasán Imirce na hEorpa (ENM) ar dháileadh geografach na cóiríochta d'iarratasóirí ar chosaint, i measc réimse ábhar.

I mí Eanáir 2025, thosaigh an Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce mar chuid de Chlár Taighde an ESRI ar Imeascadh, Imirce agus Comhionannas (RIME). Tá Pointe Teagmhála Náisiúnta na hÉireann de chuid Gréasán Imirce na hEorpa (EMN Ireland) lonnaithe san ESRI, le fo-aonad sa Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce. Tá EMN Ireland maoinithe ag an **gCoimisiún Eorpach** agus ag an **Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce**.

### Buaicphointí agus torthaí taighde

D'fhan go leor táscairí láidir i *dTuarascáil Monatóireachta 2024 ar Imeascadh*, amhail rátaí ardoideachais agus fostaíochta i measc imirceach, ach bhí níos mó seans ann go mbeadh imircigh thíos leis an mbochtaineacht agus le costais arda tithíochta.

- Léirigh taighde gur mhó an seans go mbeadh dearcadh diúltach ag daoine i leith na hinimirce mar gheall ar a bheith ina gcónaí i bpobail níos mó faoi mhíbhuntáiste; go háirithe, áit ar tháinig méadú le déanaí ar líon na n-imirceach.
- Fuarthas amach i dtaighde EMN go mbíonn dúshláin ag formhór na dtíortha maidir le teagmháil a bheith ann le pobail áitiúla agus ionaid cóiríochta cosanta idirnáisiúnta á n-oscailt acu, agus leag siad amach critéir maidir le hionaid agus iarratasóirí a dháileadh i measc réigiún.
- Fuarthas amach i staidéar EMN/ECFE go bhfuil straitéis imirce amháin nó níos mó i bhfeidhm ag formhór na mballtíortha, agus go bhfuil straitéis uileghabhálach agus straitéis earnála amháin nó níos mó ag 11 bhalltír.

Foilsíodh *Tuarascáil Monatóireachta 2024 ar Imeascadh*, an naoú ceann sa tsraith, i mí an Mhárta 2025. Léirigh an tuarascáil gur mó seans go mbeidh imircigh fostaithe, gníomhach sa mhargadh saothair, agus oideachas tríú leibhéal acu i gcomparáid le daoine a rugadh in Éirinn. Mar sin féin, is mó seans go mbeidh imircigh thíos leis an mbochtaineacht agus le díothacht. Díobh siúd a rugadh lasmuigh den AE, meastar go bhfuil 20% ‘i mbaol na bochtaineachta', i gcomparáid le 11% de chónaitheoirí a rugadh in Éirinn. Tá i bhfad níos mó seans ann chomh maith go mbeidh tionchar ag costais arda tithíochta ar imircigh: caitheann 37% de na himircigh níos mó ná 30% dá n-ioncam ar thithíocht, i gcomparáid le 9% de chónaitheoirí a rugadh in Éirinn. Maoiníodh an tuarascáil seo faoi **Chlár Taighde an ESRI/na Roinne Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce**.

Déanann Feasachán Taighde a foilsíodh i mí Iúil 2025 achoimre ar thaighde a léiríonn nach raibh baint ag sciar na n-imirceach i bpobal agus méaduithe le déanaí ar imircigh (idir 2011 agus 2022) le dearcthaí i leith na hinimirce in Éirinn ar an iomlán. Mar sin féin, tá nasc idir cónaí i bpobal faoi mhíbhuntáiste le dearcadh níos diúltaí i leith na hinimirce, go háirithe i bpobail faoi mhíbhuntáiste ina raibh méadú ar líon na n-imirceach ó 2011.

I mí Mheán Fómhair, d'fhoilsigh EMN staidéar ar dháileadh ionad cóiríochta cosanta idirnáisiúnta agus ar bhainistiú caidrimh le pobail áitiúla. Bhí EMN Ireland i gceannas ar an staidéar seo. Dáileann 14 Bhallstát EMN agus an tSeirbia iarratasóirí de réir critéar amhail critéir déimeagrafaic réigiúnach, bonneagar, gaireacht do sheirbhísí, agus

riachtanais daoine aonair (e.g. riochtaí sláinte, stádas teaghlaigh, leochaileacht). Níl ach pleananna cumarsáide foirmiúla ag cúig thír chun tacú le hionaid chóiríochta nua a oscailt. Mar sin féin, bíonn a bhformhór i dteagmháil le húdaráis áitiúla agus le hionadaithe tofa, agus bíonn 16 i dteagmháil go díreach le pobail áitiúla chomh maith, sula n-osclaítear nó nuair a osclaítear ionaid nua.

I mí an Mhárta 2025, d'fhoilsigh EMN staidéar ar na cineálacha éagsúla cur chuige a glacadh maidir le dearadh, cur chun feidhme, monatóireacht agus meastóireacht straitéisí imirce i dtíortha EMN/ECFE. Bhí EMN Ireland i gceannas ar an staidéar seo. Fuarthas go bhfuil straitéis imirce uileghabhálach i bhfeidhm i bhformhór na gcásanna, lena gcumhdaítear trí réimse beartais ar a laghad (e.g. tearmann, imirce lucht saothair, filleadh). Is iondúil go mbíonn roinn rialtais aonair i gceannas ar fhorbairt straitéise, le grúpaí oibre curtha le chéile le ranna eile agus le páirtithe leasmhara ábhartha. Tuairiscíodh dúshláin i ndearadh straitéisí a bhaineann le comhordú idir-rialtasach agus comhordú páirtithe leasmhara, chomh maith le rannpháirtíocht grúpaí imirceacha. Tá an Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce ag dréachtú na chéad straitéise uileghabhálaí ar imirce agus imeascadh in Éirinn faoi láthair.

### Aschur taighde eile

I mí Eanáir agus i mí na Nollag 2025, d'fhoilsigh EMN Ireland a athbhreithnithe bliantúla 2023 agus 2024 ar fhorbairtí a bhaineann le himirce agus le tearmann. Léirigh an tuarascáil is déanaí laghdú leanúnach ar theacht isteach ón Úcráin, agus laghdú ar cheadanna céadchónaithe a eisíodh do dhaoine nach daoine den LEE iad, agus tháinig méadú 27% ar líon na gceadanna fostaíochta a eisíodh in 2024. Chuaigh an easpa cóiríochta d'iarratasóirí tearmainn in olcas in 2024, agus ní bhfuair nach mór 6,000 iarratasóir cóiríocht ar theacht dóibh i rith na bliana. Cuireadh tús le measúnuithe leochaileachta, a cuireadh ar sos mar gheall ar dhúshláin acmhainneachta, go páirteach arís tar éis do sholáthraí seachtrach a fhostú in 2024.

Faoin gClár Taighde ar Imeascadh, Imirce agus Comhionannas (RIME), rinneadh dul chun cinn ar obair ar raon leathan tionscadal. Ina measc sin, rinne taighdeoirí imscrúdú, trí thaighde iompraíochta, ar ról na míthuiscintí i ndearcadh i leith na himirce; ar dháileadh spásúil agus ar imeascadh áitiúil na n-imirceach in Éirinn; agus ar thaithí Chlár na hÉireann um Dhídeanaithe a Chosaint. Cuireadh torthaí turgnaimh ar idirdhealú sa mhargadh saothair in aghaidh an Lucht Siúil faoi bhráid na Roinne Leanaí, Míchumais agus Comhionannais agus Pavee Point i mí Dheireadh Fómhair. Leanfaidh roinnt foilseachán gaolmhar in 2026.

Lean sraith Meamraim Imirce EMN Ireland ar aghaidh ag soláthar achoimrí gearra inrochtana ar fhaisnéis ar leibhéal EMN-AE agus ar thaighde an ESRI. Foilsíodh trí cinn

in 2025, lena gcumhdaítear ranníocaíochtaí airgeadais le cóiríocht cosanta idirnáisiúnta, oiliúint shibhialta agus straitéisí imirce.

## 3.11 IONCHUIMSIÚ SÓISIALTA AGUS COMHIONANNAS

Déanann taighde ar chuimsiú sóisialta agus ar chomhionannas iniúchadh ar na coinníollacha a mhúnlaíonn rochtain daoine ar an ábhar agus ar na hacmhainní sóisialta a theastaíonn chun dul i ngleic go hiomlán leis an saol eacnamaíoch agus sóisialta, chomh maith leis na meicníochtaí a chruthaíonn deiseanna agus torthaí éagothroma. In 2025, scrúdaigh taighdeoirí raon leathan saincheisteanna, lena n-áirítear bochtaineacht agus eisiamh sóisialta, saoire do thuismitheoirí agus saoire a bhaineann le leanaí, tionchar airgeadais an mhíchumais, ról eispéiris scoile i bhfolláine cailíní, bulaíocht óige agus ógánaigh agus cothromaíocht inscne san earnáil airgeadais.

### Buaicphointí agus torthaí taighde

I mí Eanáir, rinne staidéar comhoibritheach le **hAonad an Oileáin Chomhroinnte i Roinn an Taoisigh** comparáid idir bochtaineacht leanaí agus beartais ghaolmhara in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann. Fuarthas, in ainneoin poist chomhchosúla sa dáileadh ioncaim, nach raibh teaghlaigh ar ioncam íseal in Éirinn in ann ioncam teaghlaigh a aistriú go caighdeán maireachtála leordhóthanach, is dócha mar gheall ar chostais mhaireachtála níos airde. Sa dá dhlínse, bhí rioscaí bochtaineachta i bhfad níos airde ag leanaí i dteaghlaigh tuismitheoirí aonair, i dteaghlaigh mhóra, agus i dteaghlaigh a bhfuil ball faoi mhíchumas acu, agus bhí easpa fostaíochta ina fhachtóir riosca níos láidre fós do bhochtaineacht leanaí in Éirinn ná i dTuaisceart Éireann.

I dtuarascáil a d'fhoilsigh **Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas** i mí Aibreáin, rinneadh scrúdú ar an úsáid a bhaintear as saoire a bhaineann le leanaí in Éirinn agus ar na himpleachtaí a bhaineann léi maidir le comhionannas inscne. Fuarthas amach go dtagann bearna leanúnach ioncaim idir na hinscní in Éirinn, arna spreagadh den chuid is mó ag rannpháirtíocht níos ísle sa mhargadh saothair do mhná agus ag rátaí níos airde oibre páirtaimseartha, chun cinn thart ar bhreith linbh agus go leanann sé ar aghaidh ar feadh shaol na mban. Cé gur forbairt dhearfach a bhí i gceist le Saoire Atharthachta agus Saoire do Thuismitheoirí a thabhairt isteach, d'fhan an glacadh ag leibhéal íseal. Leagadh béim sa tuarascáil gur féidir le saoire a bhaineann le leanaí cabhrú le bearnaí inscne a laghdú trí fhostaíocht máithreacha a chosaint agus rannpháirtíocht aithreacha i gcúram a spreagadh, ach tá srianta airgeadais, noirm inscne, agus fachtóirí san ionad oibre ag cur teorainn le glacadh.

D'úsáid taighde a foilsíodh i mí an Mheithimh, i gcomhpháirtíocht leis an **Roinn Leanaí, Míchumais agus Comhionannais**, sonraí ón gclár *Fás Aníos in Éirinn* chun próifíl a

dhéanamh ar aithreacha nach bhfuil ina gcónaí go lánaimseartha lena leanaí. Léirigh an staidéar nach raibh 14% de leanaí idir naoi mí agus cúig bliana d'aois agus 18% faoi aois naoi mbliana d’aois ina gcónaí go lánaimseartha lena n-aithreacha. In ainneoin seo, d'fhan go leor aithreacha páirteach go gníomhach i saol an linbh. Thuairiscigh máithreacha go bhfaca leath d'aithreacha neamhchónaitheacha a gcuid naíonán nó leanaí óga arís agus arís eile sa tseachtain. Ó thaobh an linbh de, bhí an caidreamh leis na haithreacha dearfach go ginearálta, agus díreach os cionn leath de leanaí naoi mbliana d'aois ag rá gur réitigh siad ‘go han-mhaith ', ag cur béime ar thábhacht a n-aithreacha ina saol.

I dtuarascáil an ESRI i mí Mheán Fómhair, a cuireadh le chéile i gcomhpháirtíocht le **Fondúireacht Phobail Éireann**, leagadh béim ar dhúshláin leanúnacha i mbochtaineacht agus i gcaighdeáin mhaireachtála Fuarthas go raibh cónaí ar leanbh amháin as gach cúigear (os cionn 225,000) i dteaghlaigh faoi bhun líne na bochtaineachta a luaithe a chuirtear costais tithíochta san áireamh, rud a chuireann Éire sa 16ú háit as 27 tír san AE i bhfianaise an tomhais seo. Chomh maith leis sin, tar éis coigeartú a dhéanamh ar bhoilsciú agus ar mhéid an teaghlaigh, tháinig laghdú ar fhíorioncaim teaghlaigh. Tháinig laghdú 0.6% ar mheánioncam teaghlaigh in 2023 agus bhí siad 3.3% níos ísle ná in 2021, toisc gur sáraíodh ardú 11.3% ar ioncam ainmniúil le méadú 14.6% ar phraghsanna.

### Aschur taighde eile

I mí Aibreáin 2025, thug taighdeoirí an ESRI Anne Devlin agus Selina McCoy caint i láthair Choiste Oideachais Thionól Thuaisceart Éireann. Chuir siad fianaise i láthair ar mhíbhuntáiste oideachasúil in Éirinn. Ag tarraingt ar an staidéar *Fás aníos in Éirinn* agus ar thionscadail an ESRI le déanaí, leag siad béim ar phríomh-éagothroime i dtorthaí daltaí agus ansin, phléigh siad taighde comparáideach a scrúdaigh difríochtaí idir na córais oideachais in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann.

Ar an 18 Meitheamh 2025, thug taighdeoirí an ESRI Karina Doorley, Bertrand Maître agus Simona Sándorová caint i láthair Chomhchoiste an Oireachtais um Chosaint Shóisialta, um Fhorbairt Tuaithe agus Pobail. Ar an 16 Deireadh Fómhair, thug Karina Doorley agus Helen Russell caint i láthair Chomhchoiste an Oireachtais um Leanaí agus Comhionannas. Ag an dá imeacht, ag tarraingt ar obair an ESRI le déanaí, thug siad breac-chuntas ar phríomhfhianaise ar bhochtaineacht leanaí in Éirinn, lena n-áirítear an chaoi a dtomhaistear é, ról na dtacaíochtaí leasa shóisialaigh, agus tionchar féideartha na n-athchóirithe beartais a mhol an ESRI.

## 3.12 CÁIN, LEAS AGUS PINSIN

Déantar scrúdú sa réimse taighde seo ar dhearadh an chórais cánach, leasa agus pinsean. Leagtar béim ar thionchar an chórais ar athdháileadh, bochtaineacht, neamhionannas agus dreasachtaí chun oibre. Úsáidtear SWITCH, samhail an ESRI le haghaidh cánach agus leasa, i gcuid mhór den obair seo chun tionchar na leasuithe ar theaghlaigh a ionsamhlú. Tá go leor de na haschuir a luaitear thíos mar chuid den chlár oibre Cánach, Leasa agus Pinsean, le tacaíocht ó mhaoiniú ón **Roinn Coimirce Sóisialaí; ón Roinn Sláinte; ón Roinn Leanaí, Míchumas agus Comhionannais; agus ón Roinn Airgeadais**, chomh maith leis an deontais i gcabhair a sholáthraíonn an **Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus** Digitiúcháin.

### Buaicphointí agus torthaí taighde

- Ó thaobh costas airgeadais an mhíchumais, measadh é ar leath d'ioncam indiúscartha teaghlach a bhfuil ball teaghlaigh faoi mhíchumas.
- Gan sochair a bhaineann le leanaí, bheadh rátaí bochtaineachta leanaí i bhfad níos airde: mhéadódh ráta an linbh 'i mbaol na bochtaineachta' (AROP) ó 13.9% go 27%, an ráta díothachta ábhar leanaí ó 19.5% go 23.3% agus an ráta bochtaineachta comhsheasmhach leanaí ó 5.6% go 13.6%.
- Mar thoradh ar bhearta a fhógrófar mar chuid de Bhuiséad 2026 beidh caillteanais bheaga ioncaim ann an bhliain seo chugainn, arb ionann iad agus 2% den ioncam indiúscartha teaghlaigh ar an meán i gcomparáid le buiséad arna innéacsú chun fás ioncaim a thuar.

Ag an gcomhdháil bhliantúil um Pheirspictíochtaí Buiséid i mí an Mheithimh, arna heagrú ag an bhfoireann Cánach, Leasa agus Pinsean le beagnach tríocha bliain anuas, seoladh tuarascáil ar éifeacht na sochar a bhaineann le leanaí ar bhochtaineacht agus díothacht leanaí. Fuarthas amach go laghdaíonn sochair airgid a bhaineann le leanaí an ráta AROP leanaí faoi 10 bpointe céatadáin, agus go laghdaíonn sochair chomhchineáil a bhaineann le leanaí an ráta AROP leanaí faoi 1.5 pointe céatadáin. Fuarthas gurb é an dara sraith de shochar leanaí an bealach is éifeachtaí ó thaobh costais de chun bochtaineacht leanaí a laghdú tuilleadh.

Cuireadh dhá phíosa taighde eile i láthair ag an gcomhdháil seo. Scrúdaigh an chéad cheann clúdach an Chárta Leighis agus an tionchar a bhíonn ag neamh-innéacsú teorainneacha ioncaim an Chárta Leighis. Scrúdaigh an dara ceann an gaol eimpíreach idir athdháileadh agus fás, agus fuarthas amach go méadaíonn athdháileadh fás eacnamaíoch sa ghearrthéarma.

Reáchtáil an fhoireann a gcruinniú faisnéise bliantúil iar-Bhuiséid i mí Dheireadh Fómhair. Léirigh an obair sin go mbeidh caillteanais bheaga ioncaim ar an meán mar thoradh ar bhearta a fhógrófar mar chuid de Bhuiséad 2026 an bhliain seo chugainn, i gcomparáid le buiséad arna innéacsú chun fás ioncaim a thuar. Bíonn caillteanais ioncaim réasúnta mór ann do theaghlaigh ar ioncam íseal mar thoradh ar bhearta sealadacha costais mhaireachtála a tharraingt siar, agus déanann an reo i leith creidmheasanna cánach agus bannaí cúrsaí níos measa ó thaobh caillteanais ioncaim do theaghlaigh ar ard-ioncam. Foilsíodh an obair sin ar bhealach níos mionsonraithe i mí na Nollag mar alt speisialta in *Quarterly Economic Commentary* an ESRI.

D'fhoilsigh an fhoireann réimse alt i rith na bliana in irisí piarmheasúnaithe freisin. Bhain siad sin le tomhas na bochtaineachta agus an éagothroime; geilleagar polaitiúil an chomhchineáil i gcomparáid le hathdháileadh airgid; muinín shóisialta agus dúlagar i measc inimirceach; agus éifeacht na bhfóirdheontas cúraim leanaí ar sholáthar saothair. Chlúdaigh taighde eile a foilsíodh i rith na bliana na hábhair mhíchumais agus a chostas airgeadaíochta, agus indibhidiúlú cánach.

Choinnigh obair na foirne Cánach, Leasa agus Pinsean a fócas láidir beartais. Leanadh den tsamhail SWITCH a úsáid i réimse ranna rialtais, chun cur le cinntí beartais. Thug baill na foirne fianaise don Choiste Formhaoirseachta Buiséid, don Chomhchoiste um Leanaí agus Comhionannas, agus do na Coistí um Chosaint Shóisialta, um Fhorbairt Tuaithe agus Pobail, agus um Chúrsaí Míchumais. Rinne siad cuir i láthair ar fáil chomh maith ag imeachtaí tábhachtacha náisiúnta agus idirnáisiúnta a bhaineann le beartas, imeachtaí arna n-eagrú ag Cumann Eacnamaíochta na hÉireann, Cumann na hÉireann um Mná san Eacnamaíocht, Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann, an Cumann Idirnáisiúnta Micreashamhlaithe, Staidéar Ioncaim Lucsamburg agus an Coimisiún Eorpach.

# 4. COMHORDAITHEOIRÍ AR RÉIMSÍ TAIGHDE AMHAIL AN 31 NOLLAIG 2025

| **Réimse Taighde** | **Comhordaitheoir(í)** |
| --- | --- |
| **Eolaíocht Iompraíochta:** | An tOllamh Pete Lunn |
| **Aeráid:** | An tOllamh Kelly de Bruin |
| **Iomaíochas, Trádáil agus IDC:** | An tOllamh Iulia Siedschlag |
| **Oideachas:** | An tOllamh Selina McCoy agus an tOllamh |
| Emer | Smyth |
| **Fuinneamh agus Comhshaol:** | An tOllamh Niall Farrell, an Dr |
| | Muireann Lynch agus an tOllamh Anne |
| Nolan | |
| **Sláinte agus Cáilíocht Saoil:** | An tOllamh Sheelah Connolly agus an |
| tOllamh | Anne Nolan |
| **Tithíocht:** | An tOllamh Conor O'Toole |
| **Margaí Saothair agus Scileanna:** | An tOllamh Seamus McGuinness |
| **Maicreacnamaíocht:** | An tOllamh Adele Bergin, An tOllamh Conor |
| | O'Toole |
| **Imirce, Imeascadh agus Déimeagrafaíocht:** | An tOllamh Frances McGinnity agus |
| an Dr Emma | Quinn |
| **Ionchuimsiú Sóisialta agus Comhionannas:** | An tOllamh Frances McGinnity agus |
| Bertrand | Maître |
| **Cánachas, Leas agus Pinsin:** | An tOllamh Karina Doorley agus an tOllamh |
| | Claire Keane |

# 5. BAILL FOIRNE AN 31 NOLLAIG 2025

**Stiúrthóireacht**

Martina Lawless*

** ceapadh ina Stiúrthóir ar an ESRI í i mí Aibreáin 2025; d'éirigh Alan Barrett as a phost mar Stiúrthóir ar an ESRI an 31 Bealtaine 2025 nuair a tháinig deireadh lena théarma mar Stiúrthóir.*

**Anailís Eacnamaíoch**

Delia Agostinelli

City Ahmed

Marta Alvaro-Taus

Conor Banahan

Alan Barrett

Adele Bergin

Luke Brosnan

Philip Carthy

Daniel Cassidy

John Curtis (Ceann Rannóige)

Kelly de Bruin

Çağaçan Değer

Seraphim Dempsey

Simachew Dessalew

Kate Devane

Anne Devlin

Luke Doyle

Juan Duran Vanegas

Paul Egan

Andrés Estevez

Kirsten Everett

Niall Farrell

Elish Kelly

Lorcan Kelly

Janez Kren

Clement Kweku Kyei

Muireann Lynch

Samuel McArdle

Seamus McGuinness

Kieran McQuinn

Aykut Mert Yakut

Gretta Mohan

Rafael Nunes Teixeira

Conor O'Toole

Donal O'Shea

Paul Redmond

Diane Sheehy

Iulia Siedschlag

Rachel Slaymaker

Efthymios Smyrniotis

Elisa Staffa

Miguel Angel Tovar Reaños

Chi Tran

Shiwani Varal

Anita Vollmer

Brendan Wade

Adele Whelan

**Taighde Sóisialta**

Maryam Afzal

Anousheh Alamir

Shahd Almodallal

Maxime Bercholz

Aoife Brick

Daniel Capistrano de Oliveira

Evan Carron-Kee

Sheelah Connolly

Ciára Dalton

Merike Darmody

Karina Doorley

Sean Feeney

Celine Fox

Michele Gubello

Ada Sophia Hahn

Theano Kakoulidou

Claire Keane

Aislin Lavin

Maria Lee

Pete Lunn

Bertrand Maître

Lucie Martin

Selina McCoy

Frances McGinnity

Ellen McHugh

Anna Moya Ponce

Cian Mowlds

Keire Murphy

Anne Nolan

Richard O'Shea

Emma Quinn

Deirdre Robertson

Helen Russell (Ceann Rannóige)

Siddhant Seth

Adam Joachim Shier

Agathe Simon

Eva Slevin

Emer Smyth

Shane Timmons

Dora Tuda

Brendan Walsh

Iris Wohnsiedler

Francis Wolfe

**Acmhainní Corparáideacha**

Eleanor Bannerton (Ceann Pleanála Straitéisí, Cumarsáide agus Oibríochtaí)

Amanda Brennan (Ceann Airgeadais)

Claire Buckley (Ceann Acmhainní Daonna)

Sarah Burns

Bernice Clancy

Liz Coyle

Louise Creagh

Lliana D'Emidio

Julianne Flynn

David Gorman (Ceann Gníomhach TF)

Ellie Halloran

Adrienne Jinks

Ross Kelleher

Francis McEvoy

Ella Mozal

Josh Nevin

Hugh Nolan (Ceann Airgeadais agus Seirbhísí Corparáideacha)

Clare O'Neill (Ceann TF)

Fiona O'Sullivan

Fiona Owens

Fionnuala Quinn

Stephen Sammon

Polina Savchenko

LeAnnie Wilson

## 6. COMHAIRLE AN ESRI – EOLAS BEATHAISÍNEACH

### Sean O'Driscoll, Uachtarán agus Cathaoirleach, an ESRI

Ceapadh an tUas. Sean O'Driscoll ina Uachtarán agus ina Chathaoirleach ar an ESRI an 27 Bealtaine 2020. Rinneadh comhalta de Chomhairle an ESRI de i mí Feabhra in 2017. Is Cathaoirleach é ar Údarás Ceannais Choláiste na hOllscoile, Corcaigh, iar-Chathaoirleach agus iar-Phríomhfheidhmeannach ar Ghrúpa Glen Dimplex é, iar-Chomhpháirtí in KPMG, agus comhalta den Choimisiún Tríthaobhach agus den Tascfhórsa Náisiúnta um Luathú Bonneagair. Iar-Stiúrthóir é ar Bhainc-Aontas Éireann, ar an gComhairle Náisiúnta Iomaíochais in Éirinn agus ar ghrúpaí comhairleacha eile a cheap an rialtas. Bronnadh OBE agus gradam Légion d'Honneur ar an Uasal O'Driscoll.

### Martina Lawless, Stiúrthóir, an ESRI

Tháinig an tOllamh Martina Lawless isteach in ESRI in 2014. Ceapadh ina Stiúrthóir í i mí an Mheithimh 2025, agus tháinig sí isteach sa Chomhairle ag an am céanna sin. Bhí sí ina hOllamh Taighde san Institiúid roimhe sin, agus fócas a taighde ar dhinimic ar leibhéal an ghnólachta, ag clúdach réimse ábhar amhail an ráta athraithe poist, easpórtáil, socrú pá agus infheistíocht dhíreach choigríche. Roimhe sin, bhí sí ag obair mar eacnamaí taighde i mBanc Ceannais na hÉireann ar feadh deich mbliana agus bhain sí dochtúireacht amach ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Bhí sí ina comhalta de Chomhairle Chomhairleach Bhuiséadach na hÉireann tráth agus in 2023–2024 bhí sí ina speisialtóir eacnamaíoch ar iasacht i Rannóg Forbartha Straitéisí Eacnamaíche na Roinne Airgeadais.

### Shay Cody, iar-Ard-Rúnaí, Fórsa

Tháinig an tUas. Shay Cody isteach ar Chomhairle an ESRI i mí Feabhra 2023. Bhí sé ina Ard-Rúnaí ar ceann de na ceardchumainn is mó in Éirinn, Fórsa. D'fhóin sé ar Choiste Feidhmiúcháin Fheidhmeannas Chomhdháil na gCeardchumann agus ar a Coiste Cuspóirí Ginearálta. Mar Chathaoirleach ar Choiste Seirbhísí Poiblí Chomhdháil na gCeardchumann, bhí sé ina phríomh-idirbheartaí i roinnt babhtaí de chainteanna faoin tseirbhís phoiblí. D'fhóin sé mar chomhalta den Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Shóisialach agus den Chomhairle Náisiúnta Iomaíochais, agus bhí sé ina chomhalta ar Bhord an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre. Tá sé ina chomhalta de Choimisiún an Bhainc Ceannais faoi láthair agus ina Chathaoirleach ar Choiste Iniúchóireachta agus Riosca an Bhainc Ceannais.

### Katy Hayward, Ollamh le Socheolaíocht Pholaitiúil, Ollscoil na Banríona, Béal Feirste

Thosaigh an tOllamh Katy Hayward ag obair le Comhairle an ESRI i Meán Fómhair 2021. Tá Ollúnacht aici i Scoil na nEolaíochtaí Sóisialta, an Oideachais agus na hOibre Sóisialta in Ollscoil na Banríona, Béal Feirste, áit a bhfuil sí ina Comhalta in Institiúid an

tSeanadóra George J. Mitchell agus ina Comh-Stiúrthóir ar an Lárionad um Thaighde ar Theorainneacha Idirnáisiúnta. Is comhalta í Katy d'Acadamh Ríoga na hÉireann agus tá sí ina Comhalta d'Acadamh na nEolaíochtaí Sóisialta.

### Thia Hennessy, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh

Tháinig an tOllamh Thia Hennessy isteach ar Chomhairle an ESRI i mí Feabhra 2023. Tá sí ina Ceann Scoile, ina Ceann ar an Roinn Gnó agus Forbartha Bia, agus ina Cathaoirleach ar Eacnamaíocht Agraibhia i Scoil Ghnó Ollscoil Chorcaí. Is comhalta boird í freisin ar Fhoras Bainistíochta na hÉireann agus Teagasc. I measc na n-ábhar spéise sa taighde atá aici tá forbairt inbhuanaithe na hearnála agraibhia agus tá spéis ar leith aici i dtionchar an bheartais phoiblí ar an earnáil feirme. Sula ndeachaigh sí le UCC i Meán Fómhair 2016, bhí sí fostaithe ag Teagasc, áit ar bhainistigh sí an clár taighde eacnamaíoch talmhaíochta agus comhshaoil.

### Brigid Laffan, Ollamh Emeritus, Institiúid Ollscoile na hEorpa

Tháinig an tOllamh Brigid Laffan isteach ar Chomhairle an ESRI i mí Feabhra 2023. Is Ollamh Emeritus í san Institiúid Ollscoile Eorpach. Bhí sí ina Stiúrthóir agus ina hOllamh ar Ionad Ard-Léinn Robert Schuman agus ina Stiúrthóir ar an gClár Rialachais Dhomhanda agus ar an gClár um Rialachas agus Polaitíocht Eorpach ag an Institiúid Ollscoile Eorpach (EUI), Flórans go dtí go ndeachaigh sí ar scor i mí Lúnasa 2021. Roimhe sin, bhí sí ina hOllamh le Polaitíocht na hEorpa i Scoil na Polaitíochta agus Gnóthaí Idirnáisiúnta (SPIRe), sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (UCD), ina Leas-Uachtarán ar UCD agus ina Príomhoide ar Choláiste na nEolaíochtaí Daonna ó 2004 go 2011. Is í Seansailéir Ollscoil Luimnigh í faoi láthair.

### Gabriel Makhlouf, Gobharnóir, Banc Ceannais na hÉireann

Tháinig Gabriel Makhlouf isteach ar Chomhairle an ESRI i mBealtaine 2020. Tá sé mar Ghobharnóir ar Bhanc Ceannais na hÉireann, ina chathaoirleach ar Choimisiún an Bhainc Ceannais, ina chomhalta de Chomhairle Rialaithe an Bhainc Ceannais Eorpaigh agus den Bhord Eorpach um Riosca Sistéamach, agus is é Gobharnóir Ionaid na hÉireann é ar an gCiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta. Sula ndeachaigh sé isteach i mBanc Ceannais na hÉireann, bhí sé ina Rúnaí ag Státchiste na Nua-Shéalainne agus ina Phríomhchomhairleoir Eacnamaíochta agus Airgeadais don rialtas. Chomh maith leis sin, ba é Gobharnóir Ionaid na Nua-Shéalainne é sa Bhanc Domhanda, i mBanc na hÁise don Infheistiú sa Bhonneagar, i mBanc Forbartha na hÁise agus sa Bhanc Eorpach Athfhoirgníochta agus Forbartha. Bhí sé ina -chomhchathaoirleach ar Chomhairle Baincéireachta Tras-Tasman chomh maith. Roimhe sin, bhí sé ag obair sa státseirbhís sa Ríocht Aontaithe, áit a raibh róil éagsúla aige a bhain le beartas ar cheisteanna cánach intíre agus idirnáisiúnta agus seachadadh oibríochtaí mórscála. Tá

seal caite aige mar chathaoirleach ar Choiste an OECD um Ghnóthaí Fioscacha agus is é a bhíodh freagrach as Seirbhís Baincéireachta Rialtas na Ríochta Aontaithe.

### Sandra McNally, Ollamh le hEacnamaíocht, Ollscoil Surrey

Tháinig an tOllamh Sandra McNally isteach ar Chomhairle an ESRI i Meán Fómhair 2021. Is Ollamh le hEacnamaíocht í in Ollscoil Surrey agus tá sí ina Stiúrthóir ar an Lárionad um Thaighde Gairmoideachais i Scoil na hEacnamaíochta, Londain.

### David Moloney, Ard-Rúnaí, an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin

Tháinig David Moloney isteach ar Chomhairle an ESRI i mí na Samhna in 2010. Is é Ard-Rúnaí na Roinne Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe é. Roimhe sin, bhí sé ina Cheannasaí ar an Rannóg um Margadh an tSaothair agus Fiontraíocht sa Roinn agus é freagrach as réimsí éagsúla caiteachais, lena n-áirítear Coimirce Shóisialta, Tithíocht, Fiontraíocht agus Talmhaíocht, agus as Seirbhís Eacnamaíoch agus Meastóireachta Rialtas na hÉireann. Le linn a ghairmréime sa Státseirbhís, d'fhóin David i Roinn an Taoisigh, sa Roinn Airgeadais agus sa Roinn Sláinte chomh maith.

### Ciarán Ó hÓgartaigh, Iar-Uachtarán, Ollscoil na Gaillimhe

Tháinig an tOllamh Ciarán Ó hÓgartaigh isteach ar Chomhairle an ESRI i Meán Fómhair 2021. Bhí sé ina 13ú Uachtarán ar Ollscoil na Gaillimhe ó 2018 go 2024. Roimhe sin, bhí sé ina Ollamh le Cuntasaíocht agus ba é Déan an Ghnó é sa Choláiste Ollscoile, BÁC. Is comhalta boird é a bhfuil taithí aige san earnáil phríobháideach agus phoiblí araon. Cuntasóir Cairte é, tar éis dó oiliúint a fháil le Arthur Andersen agus PhD sa Chuntasaíocht ó Ollscoil Leeds, agus tá sé ina chathaoirleach ar Choiste Iniúchóireachta agus Riosca na hInstitiúide. Bhí sé ina chathaoirleach roimhe seo ar an gCoiste Iniúchóireachta ag, mar shampla, an Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha agus ag Avolon, ceann de na cuideachtaí léasaithe aerárthaí is mó ar domhan.

### Anne O'Leary, Ceann Meta Ireland, Leas-Uachtarán an Ghrúpa do Ghnólachtaí Beaga agus Meánmhéide, EMEA

Tháinig Anne O'Leary isteach ar Chomhairle an ESRI in 2022. Faoi láthair, tá sí ar bhord Meta Platforms Ireland Ltd, WhatsApp Ireland agus Greencore, comhlacht bia FTSE 250. Bhí sí ina Príomhfheidhmeannach ar Vodafone Ireland, ina hUachtarán ar Chónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann, agus ina hUachtarán ar Chomhlachas Tráchtála Bhaile Átha Cliath roimhe sin, agus tá sí ina hiar-Chathaoirleach ar GOAL Global.

### Anne Vaughan, iar-Leas-Ard-Rúnaí na Roinne Coimirce Sóisialaí agus Cathaoirleach reatha an Bhoird Náisiúnta Staidrimh

Tháinig Anne Vaughan isteach i gComhairle an ESRI i Meán Fómhair 2024. Is stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin í ar roinnt comhlachtaí carthanachta agus is comhalta boird í de chuid Taighde Éireann. Is iar-Leas-Rúnaí í sa Roinn Coimirce Sóisialaí agus iar-Chathaoirleach ar an mBord Náisiúnta Staidrimh. Bhí sí ina comhalta den Choimisiún um Chánachas agus Leas (2022) agus den Choimisiún um Pinsin (2021). D’oibrigh sí sa Roinn Airgeadais agus i Roinn an Taoisigh freisin le linn a gairme sa státseirbhís.

## 7. PÁTRÚIN WHITAKER AGUS COMHALTAÍ CORPARÁIDEACHA

Tá clár Pátrúnachta/Ballraíochta na hInstitiúide ag fás i gcónaí, ag tacú le taighde ardchaighdeáin a thugann aghaidh ar phríomhcheisteanna a bhaineann le hÉirinn. Soláthraíonn ioncam ballraíochta sruth ioncaim a mhaoiníonn taighde féideartha ar smaointeoireacht bunúsach eolaíoch, mar aon le cláir um Fhreagracht Shóisialta Chorparáideach amhail Tionscnamh Lár Cathrach Thoir Thuaidh Bhaile Átha Cliath. Reáchtáladh cruinnithe pátrún agus comhaltaí i rith na bliana, ar ar fhreastail ceannairí tionscail agus rialtais ardphróifíle, rud a léiríonn an t-ardmheas atá ar an Institiúid ar fud shochaí na hÉireann.

### Pátrúin Whitaker

| |
|---|
| EirGrid |
| Bord Soláthair an Leictreachais (ESB) |
| Google |

### Comhaltaí Corparáideacha

| |
|---|
| AbbVie |
| Grúpa Bia ABP |
| Aer Lingus |
| Bainc-Aontas Éireann (AIB) |
| An Garda Síochána |
| An Post |
| Arup |
| Avolon |
| Bord Bia |
| Bord Gáis Energy |

| |
|---|
| Bus Éireann |
| Banc Ceannais na hÉireann |
| Comhairle Contae an Chláir |
| Coimisiún na Meán |
| An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí (CCPC) |
| Comhairle Cathrach Chorcaí |
| Comhairle Contae Chorcaí |
| Davy |
| Deloitte |
| An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara |
| An Roinn Cosanta |
| An Roinn Oideachais |
| An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta |
| An Roinn Gnóthaí Eachtracha |
| An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachas, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta |
| An Roinn Dlí agus Cirt |
| Roinn an Taoisigh |
| An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán |
| An Roinn Iompair |
| Bus Átha Cliath |
| Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath |
| Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin |
| Fiontraíocht Éireann |

| |
|---|
| EY |
| Fáilte Ireland |
| FBD Insurance |
| An tÚdarás um Ard-Oideachas (HEA) |
| Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) |
| HubSpot |
| Iarnród Éireann |
| Ibec |
| ICON plc |
| IDA Ireland |
| Institiúid na mBaincéirí |
| InterTradeIreland |
| Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann |
| Institiúid Cheannaigh agus Bainistíochta Ábhar na hÉireann (IIP) |
| Irish Life |
| Jacobs |
| John Sisk & Son Teoranta |
| Johnson & Johnson Innovative Medicine |
| Comhairle Contae Chiarraí |
| Kerry Group |
| KPMG |
| Comhairle Cathrach agus Chontae Luimnigh |
| Gníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil |

| |
|---|
| Comhairle Contae Lú |
| Malin |
| Mason Hayes & Curran LLP |
| Ospidéal Ollscoile an Mater Misericordiae |
| Matheson LLP |
| Comhairle Contae na Mí |
| Mercury Engineering |
| Musgrave Group |
| Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (NTMA) |
| Norbrook Laboratories |
| OHM Group |
| Permanent TSB (PTSB) |
| PwC |
| Na Coimisinéirí Ioncaim |
| RSA Insurance Ireland |
| Schroders Greencoat |
| An Ceardchumann Seirbhísí, Tionsclaíoch, Gairmiúil agus Teicniúil (SIPTU) |
| Ospidéal San Séamas |
| Tesco Ireland |
| Bonneagar Iompair Éireann (TII) |
| Uisce Éireann |
| Workday |

AN INSTITIÚID UM THAIGHDE EACNAMAÍOCHTA AGUS SÓISIALTA
ESRI ECONOMIC & SOCIAL RESEARCH INSTITUTE

Cearnóg Whitaker
Cé Sir John Rogerson
Baile Átha Cliath 2

D02 K138